An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 21 Iúil 2020**
**(OR. en)**

**EUCO 10/20**

**CO EUR 8**
**CONCL 4**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach (17, 18, 19, 20 agus 21 Iúil 2020)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

*Agus na daoine a cailleadh mar gheall ar phaindéim COVID-19 á gcaoineadh ag an Eoraip, déanann an Chomhairle Eorpach comhbhrón ó chroí leis na híospartaigh agus lena dteaghlaigh. Agus dúshláin mhóra agus éiginnteacht fós roimh mhuintir na hEorpa ina ngnáthshaol laethúil, díreoimid ár n-iarrachtaí ar fad ar ár saoránaigh a chosaint agus teacht slán as an ngéarchéim.*

*Tá dúshlán stairiúil á chur ag géarchéim COVID-19 roimh an Eoraip. Bhí ar an Aontas agus a Bhallstáit bearta éigeandála a ghlacadh chun sláinte na saoránach a chaomhnú agus chun cliseadh an gheilleagair a chosc. Táimid ag teacht as an ngéarchéim thromchúiseach shláinte de réir a chéile. Cé gur gá fós súil ghéar a choimeád ar an staid shláintíoch, is ar mhaolú an dochair shocheacnamaíoch atá béim á cur anois. Chuige sin, teastaíonn iarracht gan fasach agus cur chuige nuálach, a chothóidh cóineasú, athléimneacht agus claochlú san Aontas Eorpach. Arna iarraidh sin do na Ceannairí Stáit nó Rialtais, thíolaic an Coimisiún, ag deireadh mhí na Bealtaine, pacáiste fíorleathan ina gcomhcheanglaítear an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) a bheidh ann amach anseo agus iarracht shonrach téarnaimh faoi Next Generation EU (NGEU).*

*Ar bhonn na gcomhairliúchán forleathan a reáchtáladh ar leibhéal Uachtarán na Comhairle Eorpaí agus ar bhonn na hoibre a rinneadh sa Chomhairle, cuirtear réiteach cothrom i láthair sna conclúidí atá i gceangal leis seo agus déantar freastal ar leasanna agus ar sheasaimh na mBallstát uile. Is uaillmhianach cuimsitheach an pacáiste é agus comhcheanglaítear ann an creat airgeadais ilbhliantúil clasaiceach agus iarracht urghnách téarnaimh arb é an cuspóir atá aici dul i ngleic le héifeachtaí géarchéime nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, ar mhaithe le lár leas an Aontais.*

*Tá NGEU agus CAI fite fuaite ina chéile. Tá an iarracht téarnaimh de dhíth orainn mar fhreagairt thapa éifeachtach ar dhúshlán sealadach, ach ní bheidh an toradh inmhianaithe uirthi ná ní bheidh aon inbhuanaitheacht inti ach amháin má bhíonn sí i gceangal agus i gcomhréir leis an CAI traidisiúnta, a bhfuil ár mbeartais bhuiséadacha á múnlú ó 1988 aige agus a thugann peirspictíocht fhadtéarmach dúinn.*

*Sa chéad chuid de na conclúidí seo, déileáiltear leis an iarracht téarnaimh, iarracht atá suntasach, dírithe agus teoranta ó thaobh ama de. Tá sí suntasach toisc éifeachtaí na géarchéime a bheith forleathan. Tá sí dírithe toisc nach mór di díriú ar na réigiúin agus ar na hearnálacha is mó atá buailte ag an ngéarchéim. Tá sí teoranta ó thaobh ama de toisc gurb é CAI agus na rialacha lena rialaítear é fós an creat bunúsach atá ann do phleanáil agus do chur chun feidhme buiséadach an Aontais. Déanfar na cistí breise a ghinfear le hiasachtaíocht an Aontais a eisíoc mar dheontais agus iasachtaí trí ionstraimí agus cláir CAI. Áirithítear leis sin an comhchuibheas agus an comhleanúnachas. Cabhróidh NGEU agus CAI araon, trí na mórbheartais atá iontu, go háirithe an Comhaontú Glas don Eoraip, an réabhlóid dhigiteach agus an athléimneacht, le claochlú an Aontais Eorpaigh.*

*Sa dara cuid de na conclúidí, féachtar ar CAI 2021-2027. Tá an cur chuige bunaithe ar an togra a tíolacadh i mí Feabhra, a cuireadh in oiriúint chun freagairt ar ghéarchéim COVID-19 agus i bhfianaise na mbeart a glacadh faoi NGEU.*

## I. <u>NEXT GENERATION EU</u>

A1. I ngeall ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta eisceachtúil – atá cruthaithe ag géarchéim COVID-19 – ní foláir bearta eisceachtúla a ghlacadh chun tacú le téarnamh agus athléimneacht gheilleagair na mBallstát.

A2. Leis an bplean don téarnamh Eorpach, beidh gá le hinfheistíocht ollmhór phoiblí agus phríobháideach ar an leibhéal Eorpach chun an tAontas a chur ar bhealach daingean i dtreo téarnamh inbhuanaithe agus athléimneach, chun poist a chruthú agus chun an damáiste láithreach a rinne paindéim COVID-19 a dheisiú agus ag an am céanna tacú le tosaíochtaí glasa agus digiteacha an Aontais. Is é CAI, arna threisiú le NGEU, an phríomhuirlis Eorpach a bheidh ann.

A3. Chun na hacmhainní is gá a thabhairt don Aontas chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le paindéim COVID-19, údarófar don Choimisiún cistí a fháil ar iasacht ar na margaí caipitil thar ceann an Aontais. Aistreofar na fáltais chuig cláir an Aontais i gcomhréir le NGEU.

A4. Ós rud é gur freagairt eisceachtúil é NGEU ar na cúinsí sin atá as cuimse fiú más sealadach féin iad, is léir go bhfuil na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún chun iasachtaí a fháil teoranta ó thaobh méide, ré agus raon feidhme de.

A5. I ndáil le NGEU, cumhachtófar don Choimisiún sa Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse cistí a fháil ar iasacht ar na margaí caipitil thar ceann an Aontais suas le méid EUR 750 billiún i bpraghsanna 2018; stopfaidh an ghlanghníomhaíocht nua iasachtaíochta ag deireadh 2026 ar a dhéanaí. Ní bhainfidh an tAontas úsáid as na cistí a gheofar ar iasacht ar na margaí caipitil ach amháin chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí ghéarchéim COVID-19.

A6. Féadfar na cistí a gheofar ar iasacht a úsáid le haghaidh iasachtaí suas le EUR 360 billiún i bpraghsanna 2018 agus le haghaidh caiteachais suas le EUR 390 billiún i bpraghsanna 2018.

A7. Leagfar amach sceideal na haisíocaíochta, i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, chun laghdú seasta intuartha ar dhliteanais a áirithiú go dtí an 31 Nollaig 2058. Na méideanna nár úsáideadh le haghaidh íocaíochtaí úis mar a foráladh, úsáidfear iad le haghaidh aisíocaíochtaí luatha a dhéanfar roimh dheireadh CAI 2021-2027, le híosmhéid, agus féadfar iad a mhéadú os cionn an leibhéil sin ar choinníoll gur tugadh isteach acmhainní dílse nua.

A8. Na méideanna atá dlite ag an Aontas i mbliain ar leith chun an phríomhshuim a aisíoc, ní rachaidh siad thar 7.5 % den uasmhéid EUR 390 billiún le haghaidh caiteachais.

A9. Déanfar méideanna uasteorainneacha na n-acmhainní dílse a mhéadú 0.6 pointe céatadáin go sealadach chun dliteanais uile an Aontais a eascraíonn as a iasachtaíocht chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí ghéarchéim COVID-19 a chumhdach agus chun na críche sin amháin, go dtí go mbeidh deireadh leis na dliteanais sin uile, agus go dtí an 31 Nollaig 2058 ar a dhéanaí.

A10. Sa Chinneadh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh, soiléireofar, maidir le maoiniú NGEU, na cásanna ina bhféadfaidh an Coimisiún níos mó ná a sciar coibhneasta faoi seach d'acmhainní a ghlaoch go sealadach ó na Ballstáit, gan dliteanais dheiridh na mBallstát a ardú, agus leagfar amach na coinníollacha a ghabhann leis sin. Foráiltear leis sin, go gcúiteofar aon ranníocaíocht den chineál sin gan mhoill i gcomhréir leis an gcreat dlí is infheidhme maidir le buiséad an Aontais agus, ar an gcaoi sin, ar bhonn na n-eochracha OIN faoi seach is infheidhme, gan dochar d'acmhainní dílse eile ná d'ioncam eile.

Sula nglaofaidh an Coimisiún na hacmhainní sin, comhlíonfaidh sé na riachtanais sin trí bhainistíocht airgid ghníomhach agus, más gá, trí dhul i muinín maoiniú gearrthéarmach trí na margaí caipitil faoina straitéis chistiúcháin éagsúlaithe, i gcomhréir le teorainneacha an Chinnidh maidir le hAcmhainní Dílse. I gcás nach nginfí an leachtacht riachtanach le bearta den chineál sin, agus sa chás sin amháin, is ansin a d'fhéadfadh an Coimisiún, mar rogha dheireanach, níos mó acmhainní a ghlaoch go sealadach ó na Ballstáit. Déanfar an méid acmhainní breise is féidir a ghlaoch gach bliain ó na Ballstáit, in imthosca den sórt sin, ar bhonn *pro rata* agus i gcás ar bith, teoranta dá sciar d'uasteorainn na n-acmhainní dílse a mhéadófar go sealadach i.e. 0.6 % de OIN na mBallstát.

A11. Ioncam sannta seachtrach a bheidh i méideanna NGEU a sheolfar tríd an mbuiséad le haghaidh caiteachais. Feidhmeoidh an tÚdarás Buiséadach rialú polaitiúil, a bheidh le sainiú i gcomhaontú idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún.

A12. Ós rud é gur gá an tacaíocht téarnaimh a úsáid go gasta, is den tábhacht na dálaí cearta a chruthú chun tionscadail infheistíochta a chur chun feidhme go pras, go háirithe i mbonneagar. Iarrtar ar an gCoimisiún tograí a thíolacadh idir seo agus Comhairle Eorpach mhí Dheireadh Fómhair maidir leis an gcaoi a bhféadfaí na nósanna imeachta sna Ballstáit a bhrostú agus a éascú.

A13. Déanfar na gealltanais dhlíthiúla a bheidh i gceist le clár, arna bhreisiú le NGEU, faoin 31 Nollaig 2023. Déanfar na híocaíochtaí gaolmhara faoin 31 Nollaig 2026.

A14. Is iad seo a leanas na méideanna faoi NGEU do chláir aonair:

| | |
|---|---|
| • An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta | EUR 672.5 billiún |
| ar a bhfuil iasachtaí | EUR 360 billiún |
| ar a bhfuil deontais | EUR 312.5 billiún |
| • REACT-EU: | EUR 47.5 billiún |
| • Fís Eorpach: | EUR 5 bhilliún |
| • InvestEU: | EUR 5.6 billiún |
| • Forbairt Tuaithe: | EUR 7.5 billiún |
| • An Ciste um Aistriú Cóir: | EUR 10 mbilliún |
| • RescEU: | EUR 1.9 billiún |
| • Iomlán: | EUR 750 billiún |

*An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta*

A15. Déanfar 70 % de na deontais arna soláthar tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a ghealladh in 2021 agus 2022. Déanfar an 30 % eile a ghealladh go hiomlán faoi dheireadh 2023. De ghnáth, ní rachaidh uasacmhainn iasachtaí i gcás gach Ballstát thar 6.8% dá OIN.

A16. Is i gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún a bhunófar eochair leithdháilte gealltanas na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta do na blianta 2021-2022. San eochair leithdháilte don bhliain 2023, cuirtear, i gcion comhréireach, an caillteanas in OTI iarbhír arna bhreathnú thar an tréimhse 2020 agus an caillteanas carnach in OTI iarbhír arna bhreathnú thar an tréimhse 2020-2021 in ionad chritéar dífhostaíochta 2015-2019, agus déanfar é a ríomh faoin 30 Meitheamh 2022.

A17. Déanfar an réamh-mhaoiniú maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a íoc in 2020 agus é sin ag 10 %.

A18. Ullmhóidh na Ballstáit pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ina leagfar amach clár oibre athchóirithe agus infheistíochta an Bhallstáit lena mbaineann do na blianta 2021-23. Déanfar na pleananna a athbhreithniú agus a oiriúnú de réir mar is gá in 2022 chun leithdháileadh deiridh na gcistí le haghaidh 2023 a chur san áireamh.

A19. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na pleananna téarnaimh agus athléimneachta laistigh de dhá mhí ón tráth a thíolacfar iad. Ní mór an scór is airde den mheasúnú a bheith ag critéir an chomhchuibhis leis na moltaí tírshonracha, neartú an chumais fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta an Bhallstáit. Beidh rannchuidiú éifeachtach leis an aistriú glas agus digiteach ina réamhriachtanas freisin le haghaidh measúnú dearfach.

Déanfaidh an Chomhairle an measúnú ar na pleananna téarnaimh agus athléimneachta a fhormheas, trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, trí ghníomh cur chun feidhme a dhéanfaidh an Chomhairle iarracht a ghlacadh laistigh de cheithre seachtaine tar éis thíolacadh an togra.

Beidh an measúnú dearfach ar iarratais ar íocaíocht faoi réir chomhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna ábhartha.

Déanfaidh an Coimisiún tuairim a iarraidh ar an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le comhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna ábhartha. Déanfaidh an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais gach iarracht teacht ar chomhthoil. Más rud é, i gcásanna eisceachtúla, go measann Ballstát amháin nó níos mó gurb ann do dhiallta tromchúiseacha ó chomhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna ábhartha, féadfaidh siad a iarraidh ar Uachtarán na Comhairle Eorpaí an t-ábhar a tharchur chuig an gcéad Chomhairle Eorpach eile.

Glacfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le measúnú ar chomhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna ábhartha agus maidir leis na híocaíochtaí a fhormheas i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin.

Más amhlaidh gur cuireadh an t-ábhar faoi bhráid na Comhairle Eorpaí, ní ghlacfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le comhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna ábhartha agus maidir leis na híocaíochtaí a fhormheas nó go mbeidh an t-ábhar pléite go huileghabhálach ag an gcéad Chomhairle Eorpach eile. De ghnáth, níor cheart don phróiseas sin níos faide ná trí mhí a thógáil tar éis don Choimisiún tuairim a iarraidh ar an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais. Beidh an próiseas sin i gcomhréir le hAirteagal 17 CAE agus Airteagal 317 CFAE.

*REACT-EU*

A20. Ainneoin na rialacha maidir le huasteorannú agus athdháileadh, beidh feidhm ag leithdháiltí breise; chun tacú leis na hearnálacha is tábhachtaí a bheidh lárnach chun bonn a leagan do théarnamh fónta tar éis ghéarchéim COVID-19 i mBallstáit áirithe, cuirfear na leithdháiltí breise seo a leanas ar fáil faoi REACT-EU: Lucsamburg (EUR 100 milliún); Málta (EUR 50 milliún).

*An sprioc aeráide*

A21. Déanfar an gníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú i mbeartais agus i gcláir arna maoiniú faoi CAI agus NGEU. Beidh feidhm ag sprioc fhoriomlán aeráide 30 % maidir leis an méid iomlán caiteachais ó CAI agus NGEU agus léireofar sin sna spriocanna iomchuí sa reachtaíocht earnálach. Comhlíonfaidh na spriocanna sin an cuspóir maidir le haeráidneodracht an Aontais a bhaint amach faoi 2050 agus rannchuideoidh siad le spriocanna nua aeráide an Aontais do 2030 a bhaint amach, spriocanna a thabharfar cothrom le dáta faoi dheireadh na bliana. Mar phrionsabal ginearálta, ba cheart caiteachas uile an Aontais a bheith comhchuí le cuspóirí Chomhaontú Pháras.

## II. <u>CAI 2021-2027</u>

A22. Is iad dréachtchonclúidí mhí Feabhra 2020 (5846/20) ón gComhairle Eorpach bunús an chomhréitigh fhoriomláin. Sa dréacht sin, léirítear an plé a rinneadh le míonna fada anuas. I bhfianaise ghéarchéim COVID-19 agus na mbeart arna ndéanamh faoi NGEU, tugadh isteach líon áirithe athruithe agus léirítear san Iarscríbhinn iad.

A23. EUR 1,074.3 billiún an méid iomlán i gcomhair gealltanas. Tá an figiúr sin rud beag níos ísle ná an figiúr a luadh i mí Feabhra. Is i bhfianaise iarracht uaillmhianach théarnaimh na hEorpa arna leagan amach sa chéad chuid den pháipéar seo is ceart an méid sin a fheiceáil.

A24. Déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta atá leabaithe i gConarthaí an Aontais, go háirithe luachanna Airteagal 2 CAE.

Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis go láidir a thábhachtaí atá sé leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis go láidir a thábhachtaí atá sé an smacht reacht a urramú.

A25. EUR 1.1 billiún a bheidh sa leithdháileadh airgeadais do rescEU. I gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún chun freagairt ar COVID-19, méadófar Sláinte go EUR 1.7 billiún.

A26. Déanfar ionstraimí speisialta lasmuigh de na huasteorainneacha a mhéadú EUR 5 bhilliún. Úsáidfear an EUR 5 bhilliún sin le haghaidh Chúlchiste Coigeartaithe speisialta nua Brexit atá le bunú chun cur in aghaidh iarmhairtí díobhálacha gan choinne sna Ballstáit agus sna hearnálacha is mó atá thíos leis.

A27. Le togra mhí Feabhra, tugadh isteach roinnt beart solúbthachta méadaithe i réimsí an chomhtháthaithe agus na talmhaíochta. I bhfianaise éifeachtaí ghéarchéim COVID-19, cuirtear an dara pacáiste solúbthachta isteach maidir leis na rialacha cur chun feidhme faoin mBeartas Comhtháthaithe agus CBT chomh maith le díriú téamach thacaíocht CFRE.

A28. Maidir le hacmhainní dílse an Aontais Eorpaigh, socraítear an uasteorainn arna leithdháileadh ar an Aontas chun leithreasuithe bliantúla faoi chomhair íocaíochtaí a chumhdach ag 1.40 % de OIN na mBallstát uile; ní rachaidh méid iomlán na leithreasuithe bliantúla faoi chomhair gealltanas thar 1.46 % de shuim OINanna na mBallstát uile.

A29. Sna blianta atá amach romhainn, oibreoidh an tAontas i dtreo athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras acmhainní dílse agus tabharfaidh sé isteach acmhainní dílse nua. Mar chéad chéim, tabharfar isteach acmhainn dhílis nua bunaithe ar dhramhaíl phlaisteach neamh-athchúrsáilte agus beidh feidhm aici amhail ón 1 Eanáir 2021. Mar bhonn d'acmhainní dílse breise, cuirfidh an Coimisiún tograí ar aghaidh sa chéad seimeastar de 2021 maidir le sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha agus maidir le tobhach digiteach d'fhonn iad a thabhairt isteach faoin 1 Eanáir 2023 ar a dhéanaí. Den mheon céanna, cuirfidh an Coimisiún togra ar aghaidh maidir le scéim athbhreithnithe trádála astaíochtaí, a d'fhéadfaí a leathnú chun an eitlíocht agus an earnáil mhuirí a chumhdach. Ar deireadh, oibreoidh an tAontas, le linn an chéad CAI eile, i dtreo acmhainní dílse eile a thabhairt isteach, agus d'fhéadfadh Cáin ar Idirbhearta Airgeadais a bheith mar chuid de sin. Úsáidfear na fáltais ó na hacmhainní dílse nua a thabharfar isteach tar éis 2021 chun iasachtaíocht NGEU a aisíoc go luath.

A30. Don tréimhse 2021-2027, le ceartúcháin chnapshuime, laghdófar ranníocaíocht bhliantúil OIN-bhunaithe na Danmhairge, na Gearmáine, na hÍsiltíre, na hOstaire agus na Sualainne. Bainfidh na Ballstáit lena mbaineann tairbhe as oll-laghdú ar a ranníocaíocht bhliantúil OIN-bhunaithe. Déanfaidh na Ballstáit uile na holl-laghduithe sin a mhaoiniú i gcomhréir lena OIN.

## III. AISTRIÚ

A31. Ní dhéanfar aon athrú ar CAI 2014-2020. Is cuid thábhachtach dár bhfreagairt ghearrthéarmach ar an ngéarchéim i dtólamh an dá Thionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas. Mar gheall ar na cúinsí eisceachtúla, na gníomhaíochtaí ábhartha ar cuireadh tús leo ón 1 Feabhra 2020 i leith, ba cheart dóibh a bheith incháilithe do mhaoiniú faoi REACT-EU agus faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ar choinníoll go saothraítear cuspóirí na gclár faoi seach.

## IV. NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

A32. Iarrtar ar an gComhairle dul i mbun caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa d'fhonn a áirithiú go dtabharfar an obair ar na gníomhartha dlíthiúla go léir chun críche i gcomhréir leis an mbunús dlí ábhartha mar ábhar práinne eisceachtúla chun a áirithiú go mbeidh an tAontas Eorpach in ann freagairt ar an ngéarchéim.

A33. A thúisce a ghlacfar an Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse, déanfaidh na Ballstáit é a fhormheas a luaithe is féidir, i gcomhréir lena gceanglais bhunreachtúla faoi seach.

**IARSCRÍBHINN**

## I. CEISTEANNA COTHROMÁNACHA

1. Leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) nua, cumhdófar seacht mbliana idir 2021 agus 2027. Leis an mbuiséad, cuirfear ar chumas an Aontais Eorpaigh freagairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus ar na dúshláin a bheidh ann amach anseo agus a thosaíochtaí polaitiúla a chomhlíonadh, i bhfianaise threochlár na Bratasláive, chomh maith le dearbhuithe na Róimhe agus Sibiu agus Clár Oibre Straitéiseach an Aontais do 2019-2024. Beidh CAI, arna threisiú ag "Next Generation EU" (NGEU), ar an bpríomhionstraim, freisin, chun an pacáiste téarnaimh a chur chun feidhme mar fhreagairt ar iarmhairtí socheacnamaíocha phaindéim COVID-19.

2. Beidh an struchtúr seo a leanas ag CAI don tréimhse 2021-2027:
   - Ceannteideal 1 "An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha";
   - Ceannteideal 2 "Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna" lena n-áireofar fo-Cheannteideal do chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus fo-cheannteideal d'athléimneacht agus luachanna;
   - Ceannteideal 3 "Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol" lena n-áireofar fo-uasteorainn do chaiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha;
   - Ceannteideal 4 "Imirce agus Bainistiú Teorainneacha";
   - Ceannteideal 5 "Slándáil agus Cosaint";
   - Ceannteideal 6 "An Chomharsanacht agus an Domhan";
   - Ceannteideal 7 "An Riarachán Poiblí Eorpach" lena n-áireofar fo-uasteorainn do chaiteachas riaracháin na n-institiúidí.

   Déantar an caiteachas a ghrúpáil i gCeannteidil agus i mbraislí beartais chun tosaíochtaí polaitiúla an Aontais a léiriú agus chun foráil don tsolúbthacht is gá ar mhaithe le leithdháileadh éifeachtúil na n-acmhainní. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm leis an laghdú ar líon na gclár comhleanúnachas a áirithiú agus sineirgí a chur chun cinn. Leis an gcreat foriomlán, léireofar simpliú agus laghdófar ar an maorlathas do thairbhithe agus do na húdaráis bhainistíochta; cuirfear comhdheiseanna chun cinn trína áirithiú go ndéanfar príomhshruthú inscne ar ghníomhaíochtaí agus gníomhartha i gcláir agus in ionstraimí ábhartha agus go gcuirfidh siad leis an gcomhionannas idir mná agus fir.

3. Is ionann an t-uasmhéid iomlán caiteachais do AE-27 don tréimhse 2021-2027 agus EUR 1 074 300 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, lena n-áirítear comhtháthú an Chiste Eorpaigh Forbraíochta, agus EUR 1 061 058 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí. Tugtar míniú ar bhriseadh síos na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas anseo thíos. Leagtar amach na figiúirí céanna freisin sa tábla atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo, ina leagtar amach chomh maith sceideal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí. Sloinntear na figiúirí go léir agus úsáid á baint as praghsanna seasmhacha 2018. Déanfar coigeartuithe uathoibríocha bliantúla teicniúla don bhoilsciú agus úsáidfear díbhoilsceoir socraithe 2 % chuige sin.

   Cuirfear na figiúirí i láthair i bpraghsanna reatha freisin agus úsáid á baint as an díbhoilsceoir comhaontaithe.

4. Ba cheart an caipiteal a bheith ag an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) atá riachtanach chun beartais an Aontais a chur chun feidhme. Iarrtar ar Bhord Gobharnóirí BEI athbhreithniú a dhéanamh ar leordhóthanacht caipitil BEI i bhfianaise na n-ionstraimí a áirítear in CAI agus NGEU, agus ar rannchuidiú an Bhainc le huaillmhianta an Aontais an t-athrú aeráide a chomhrac agus geilleagar na hEorpa a dhigiteáil. I bhfianaise an athbhreithnithe seo, cinnfidh an Bord Gobharnóirí, ag gníomhú dó d'aon toil, méid agus modúlachtaí aon mhéadaithe caipitil faoi dheireadh 2020.

5. Lorgóidh an Chomhairle toiliú ó Pharlaimint na hEorpa i gcomhréir le hAirteagal 312(2) CFAE ina bhforáiltear go nglacfaidh an Chomhairle Rialachán CAI tar éis di toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

6. Ní dhéanfar aon athbhreithniú meántéarma ar CAI.

7. Fotháirge dosheachanta i gclársceidealú ilbhliantúil agus i leithreasuithe difreáilte atá in RAL (*reste à liquider*). Meastar, áfach, go mbeidh RAL níos mó ná EUR 308 000 milliún i bpraghsanna reatha faoi dheireadh an chreata airgeadais don tréimhse 2014-2020, rud a fhágfaidh gur méid suntasach de na híocaíochtaí foriomlána i mblianta tosaigh an chéad CAI eile na híocaíochtaí ón CAI reatha. Chun leibhéal agus próifíl intuartha chomh maith le dul chun cinn ordúil íocaíochtaí a áirithiú, glactar bearta éagsúla, amhail simpliú an chur chun feidhme agus socrú rátaí réamh-mhaoinithe iomchuí, rialacha maidir le saoradh, agus glacadh tráthúil na reachtaíochta earnála do CAI 2021-2027.

8. I gcomhréir le prionsabal na haontachta buiséadaí, áireofar gach mír de mhaoiniú an Aontais, de ghnáth, in CAI. I bhfianaise a sainiúlachtaí, áfach, cuirfear gach ionstraim speisialta lasmuigh d'uasteorainneacha CAI i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí nó is míreanna seachbhuiséid a bheidh iontu. Ní mór é a bheith d'acmhainneacht ag an Aontas freagairt ar na cúinsí eisceachtúla, bídís inmheánach nó seachtrach, agus ní mór dó a bheith in ann aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí nua i bhfianaise na staide a bheidh ag athrú go mear tar éis phaindéim COVID-19. Ag an am céanna, caithfear an gá atá le solúbthacht a mheas i gcomhthéacs phrionsabal an smachta bhuiséadaigh agus thrédhearcacht chaiteachas an Aontais agus cineál ceangailteach uasteorainneacha CAI á urramú.

9. Ba cheart, de ghnáth, fad chláir earnála CAI a ailíniú le creat ama CAI 2021-2027.

10. Chun inniúlachtaí na n-institiúidí faoi seach a urramú agus chun cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh, beidh na gníomhartha tarmligthe teoranta d'eilimintí neamhriachtanacha na ngníomhartha reachtacha faoi seach.

11. Ní mór na téacsanna ábhartha reachtacha a ghlacadh a luaithe is féidir, agus na nósanna imeachta a chumhdaítear sa Chonradh á leanúint agus ról na n-institiúidí éagsúla á lánurramú. Ar bhonn leibhéil na ngealltanas sa chomhaontú seo, iarrtar ar an gComhairle agus ar Pharlaimint na hEorpa teacht ar chomhaontú tráthúil maidir le cistiú iomchuí gach ceann de na hionstraimí, na cláir agus cistí beartaithe a mhaoinítear faoi CAI.

12. Ag meabhrú di na teagmhálacha rialta a tionóladh le Parlaimint na hEorpa, go háirithe ar imeall na gcruinnithe a bhí ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Uachtaránacht an plé le Parlaimint na hEorpa a thabhairt chun cinn.

13. Iarrtar ar an gCoimisiún gach cúnamh agus gach tacaíocht a chur ar fáil chun an próiseas cinnteoireachta a éascú.

14. Socrófar corrlaigh iomchuí faoi na Ceannteidil. Laistigh de chláir áirithe, bunaítear saoráid théamach a dhéanfaí a chlársceidealú ar bhonn riachtanas; forálfar do chistí neamh-leithdháilte den chineál céanna i gcláir eile mar sholúbthacht ionsuite.

15. Aon diall a d'fhéadfadh a bheith ann ó na méideanna tagartha do na cláir ilbhliantúla, ní bheidh an diall sin níos mó ná 15 % den mhéid do ré iomlán an chláir.

    Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh, ar bhonn saorálach, le linn phróiseas an chlársceidealaithe, ag tús na tréimhse agus le linn cur chun feidhme, go n-aistreofaí an méid seo a leanas:

    i. suas le 5 % san iomlán den leithdháileadh náisiúnta tosaigh ó aon cheann de chistí Rialachán na bhForálacha Coiteanna[1] faoi bhainistíocht chomhroinnte chuig aon ionstraim atá faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach chun leas an Bhallstáit lena mbaineann nó chuig aon chiste eile i Rialachán na bhForálacha Coiteanna faoi bhainistíocht chomhroinnte, seachas aistrithe nach bhféadfar a dhéanamh ach faoi ii, agus,

[1] Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh, an Ciste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí.

ii. suas le 20 % de leithdháileadh tosaigh airgeadais CFRE, CC agus CSE+ faoi seach i dtreo CFRE, CC agus CSE+ laistigh de leithdháileadh Ballstáit don sprioc Infheistíocht i bpoist agus san fhás; suas le 25 % a bheidh sa chéatadán do Phoblacht na Seice.

16. I gcomhréir le hiarracht fhoriomlán an chomhdhlúthaithe, déantar ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha a chuíchóiriú a thuilleadh, go sonrach in InvestEU agus mar chuid den Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) agus, ar an gcaoi sin, urramaítear an prionsabal go bhfuil úsáid na n-ionstraimí sin teoranta go docht do chúinsí ina bhfuil cliseadh soiléir margaidh agus cásanna infheistíochta fo-optamacha. Agus deiseanna cistiúcháin den chineál sin á n-aithint, ní mór dlúthfhaireachán a dhéanamh ar dhliteanais airgeadais a eascraíonn as ionstraimí airgeadais, as ráthaíochtaí buiséadacha agus as cúnamh airgeadais.

17. Ba cheart tuilleadh feabhais a chur ar an ról atá ag buiséad an Aontais, maidir le tacú le cur chun feidhme éifeachtach cuspóirí beartais, ar fud an Aontais, go háirithe tríd an nasc idir buiséad an Aontais agus an Seimeastar Eorpach a neartú lena n-áirítear cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a éascú, agus maidir le réimsí na himirce, an chomhshaoil, an athraithe aeráide agus an chomhionannais idir mná agus fir mar aon le cearta agus comhionannas deiseanna do chách.

18. Mar léiriú ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, ba cheart do chláir agus d'ionstraimí cuidiú chun an ghníomhaíocht ar son na haeráide a phríomhshruthú agus chun sprioc fhoriomlán 30 %, ar a laghad, de mhéid iomlán chaiteachais bhuiséadacha an Aontais agus NGEU a bhaint amach maidir leis an tacaíocht do chuspóirí aeráide. Ba cheart caiteachas an Aontais a bheith comhchuí le cuspóirí Chomhaontú Pháras agus le prionsabal na neamhdhíobhála mar atá sé leagtha amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip. Le modheolaíocht éifeachtach chun faireachán a dhéanamh ar chaiteachas aeráide agus ar a fheidhmíocht, lena n-áirítear tuairisciú agus bearta ábhartha i gcás dul chun cinn neamhleor, ba cheart a áirithiú go gcuideoidh an chéad CAI eile ina iomláine le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras. Tabharfaidh an Coimisiún tuarascáil gach bliain ar chaiteachas aeráide. Chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha an chuspóra aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 agus ar sprioc aeráide nua an Aontais, 2030, cruthófar Sásra um Aistriú Cóir, lena n-áirítear Ciste um Aistriú Cóir.

19. Ní mór cur chuige cuimsitheach maidir leis an imirce a áirithiú, lena gcuimseofar rialú níos éifeachtaí ar theorainneacha seachtracha an Aontais, gníomhaíocht sheachtrach mhéadaithe agus na gnéithe inmheánacha, i gcomhréir le prionsabail agus luachanna an Aontais. Bainfear é sin amach ar bhealach níos comhordaithe sna cláir faoi na Ceannteidil ábhartha ar fad, agus slógfar cistí go gasta, agus na riachtanais a bhaineann le sreabha imirce á gcur san áireamh. Chun na críche sin, bainfear leas as comhpháirteanna tiomnaithe suntasacha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an imirce sheachtrach i gCeannteidil 4, 5 agus 6.

20. Ba cheart comhionannas idir mná agus fir, chomh maith le cearta agus comhdheiseanna do chách, agus príomhshruthú na gcuspóirí sin, a chur san áireamh agus a chur chun cinn agus cláir ábhartha á n-ullmhú, á gcur chun feidhme agus á bhfaireachán.

21. Ba cheart cláir an Aontais a bheith oscailte do thíortha LEE, do thíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí, iarrthóirí ionchasacha mar aon le comhpháirtithe a chumhdaítear faoi Bheartas Comharsanachta na hEorpa, i gcomhréir leis na prionsabail agus na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sin i gcláir de chuid an Aontais arna mbunú sna comhaontuithe réime agus sna cinntí nó sna hionstraimí eile faoi seach arna ndéanamh faoi na comhaontuithe sin. Ba cheart rannpháirtíocht tríú tíortha eile a bheith faoi réir comhaontú lena leagtar síos na coinníollacha is infheidhme maidir le rannpháirtíocht an tríú tír lena mbaineann in aon chlár. Le comhaontú den sórt sin, ba cheart cothromaíocht chóir a áirithiú a mhéid a bhaineann le ranníocaíocht agus sochair an tríú tír a bheadh rannpháirteach i gcláir an Aontais, níor cheart aon chumhacht chinnteoireachta a thabhairt do na cláir sin agus ba cheart rialacha a bheith ann maidir le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

22. Déanfar leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta atá i gConarthaí an Aontais Eorpaigh, go háirithe luachanna an Aontais faoi Airteagal 2 CAE.

Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis go láidir a thábhachtaí atá sé leasanna airgeadais an Aontais. Cuireann an Chomhairle Eorpach i dtreis go láidir a thábhachtaí atá sé an smacht reacht a urramú.

23. Bunaithe ar an gcúlra sin, tabharfar córas coinníollachta isteach chun an buiséad agus Next Generation EU a chosaint. Sa chomhthéacs sin, molfaidh an Coimisiún bearta i gcás sáruithe, lena nglacadh ag an gComhairle trí thromlach cáilithe.

Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an ábhar go gasta.

24. Iarrtar ar an gCoimisiún bearta breise a thíolacadh chun buiséad an Aontais agus Next Generation EU a chosaint ar chalaois agus neamhrialtachtaí. Áireofar leis sin bearta lena n-áiritheofar bailiú agus inchomparáideacht na faisnéise maidir le tairbhithe deiridh chistiú an Aontais chun críocha rialaithe agus iniúchóireachta a bheidh le cur san áireamh sna bunghníomhartha ábhartha. Is gá rannpháirtíocht láidir ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, OLAF, Eurojust, Europol agus i gcás inarb ábhartha, EPPO, mar aon le húdaráis inniúla na mBallstát chun an chalaois a chomhrac.

# II. CUID I: CAITEACHAS

## CEANNTEIDEAL 1 – AN MARGADH AONAIR, NUÁLAÍOCHT AGUS CÚRSAÍ DIGITEACHA

25. Freagraíonn An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha do réimse ina mbíonn breisluach suntasach ag gníomhaíocht an Aontais. Tá ardacmhainneacht ag na cláir faoin gCeannteideal seo chun rannchuidiú le tosaíochtaí na Bratasláive agus na Róimhe, go háirithe maidir le taighde, nuálaíocht agus an claochlú digiteach a chur chun cinn, Infheistíochtaí Straitéiseacha Eorpacha, gníomhaíocht ar mhaithe leis an Margadh Aonair agus iomaíochas fiontar agus FBManna. Nuair a leithdháilfear maoiniú faoin gCeannteideal seo, tabharfar tosaíocht faoi leith d'fheabhas nithiúil, forásach a chur ar iarrachtaí an Aontais i gcúrsaí taighde agus nuálaíochta. Ag an am céanna, ba cheart comhlántacht idir cláir faoin gCeannteideal seo, amhail sa réimse digiteach, a áirithiú.

26. Ní rachaidh leibhéal na ngealltanas le haghaidh an Cheannteidil seo thar EUR 132 781 mhilliún:

| CEANNTEIDEAL 1 – AN MARGADH AONAIR, NUÁLAÍOCHT AGUS CÚRSAÍ DIGITEACHA (Milliúin euro, praghsanna 2018) | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
| 19 721 | 19 666 | 19 133 | 18 633 | 18 518 | 18 646 | 18 473 |

**Tionscadail mhórscála**

27. Leanfar faoin gCeannteideal seo de thacaíocht a thabhairt do mhaoiniú ar thionscadail mhórscála sa chlár Spáis Eorpach nua agus do thionscadal an Imoibreora Thrialaigh Theirmeanúicléach Idirnáisiúnta (ITER):

    i. Uasmhéid EUR 5 000 milliún a bheidh san imchlúdach airgeadais do ITER don tréimhse 2021-2027.

    ii. Uasmhéid EUR 13 202 mhilliún a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an chláir Spáis don tréimhse 2021-2027, agus déanfar EUR 8 000 milliún de sin a thiomnú do Galileo agus EUR 4 810 milliún a thiomnú do Copernicus.

**Fís Eorpach**

28. Is gá barr feabhais bhonn eolaíoch agus nuálaíochta an Aontais a atreisiú agus a leathnú. Dá bhrí sin, is bunaithe ar an mbarr feabhais a bheidh an iarracht sa taighde, forbairt agus nuálaíocht. Leis an gclár Fís Eorpach, cuideofar le tíortha atá i mbéal leathnaithe cur lena bpáirteachas sa chlár. Ag an am céanna, ní mór leanúint d'aghaidh a thabhairt ar an mbearna rannpháirtíochta agus an deighilt nuálaíochta, trí bhíthin bearta agus tionscnaimh éagsúla amhail dreasachtaí do chuibhreannais a rannchuidíonn chun an bhearna sin a dhúnadh. Leis sin, agus le tacair aonair rialacha, áiritheofar go mbeidh Beartas Eorpach Taighde ann sa todhchaí, a bheidh éifeachtach, éifeachtúil agus a thabharfaidh deiseanna níos fearr do FBManna agus do nuatheachtaithe páirt a ghlacadh sna cláir. Éascófar naisc níos fearr idir institiúidí taighde agus nuálaíochta ar fud na hEorpa chun comhar taighde a neartú ar fud an Aontais. Díreofar go sonrach ar na gníomhaíochtaí a chistítear faoi Fís Eorpach a chomhordú leis na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoi chláir eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear tríd an mbeartas comhtháthaithe. Sa chomhthéacs sin, beidh sineirgí tábhachtacha ag teastáil idir Fís Eorpach agus na cistí struchtúracha chun "barr feabhais a chomhroinnt" agus, ar an gcaoi sin, feabhas a chur ar an acmhainneacht réigiúnach taighde agus nuálaíochta agus ar chumas na réigiún uile braislí barr feabhais a fhorbairt.

29. EUR 75 900 milliún a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an chláir Fís Eorpach don tréimhse 2021-2027.

**InvestEU**

30. Gníomhóidh Ciste InvestEU mar shásra aonair tacaíochta infheistíochta de chuid an Aontais le haghaidh na gníomhaíochta inmheánaí agus gabhfaidh sé ionad na n-ionstraimí airgeadais uile atá ann. Is é cuspóir foriomlán an chláir tacú le cuspóirí beartais an Aontais trí infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a shlógadh, laistigh den Aontas, a chomhlíonann critéar na breisíochta agus, ar an gcaoi sin, aghaidh a thabhairt ar chlistí margaidh agus ar staideanna infheistíochta fo-optamacha a chuireann isteach ar ghnóthú spriocanna an Aontais i ndáil le hinbhuanaitheacht, iomaíochas agus fás cuimsitheach. Leagfar amach, le forálacha soiléire laistigh de na bunghníomhartha ábhartha, na hidirghníomhaíochtaí airgeadais éagsúla idir na cláir chaiteachais is infheidhme agus Ciste InvestEU. EUR 2 800 milliún an leithdháileadh don Chiste InvestEU don tréimhse 2021-2027 agus comhlánófar sin le hathshreabha arna n-eascairt ó na hionstraimí roimh 2021. Faoi InvestEU, bunófar Scéim um Aistriú Cóir, scéim thiomanta dá ndéanfar an dara colún den Sásra um Aistriú Cóir.

**An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa**

31. Chun fás cliste, inbhuanaithe, uilechuimsitheach a bhaint amach agus cruthú post a spreagadh, tá bonneagar ardfheidhmíochta atá cothrom le dáta de dhíth ar an Aontas chun an tAontas agus a réigiúin uile a nascadh agus a chomhtháthú in earnálacha an iompair, an fhuinnimh agus cúrsaí digiteacha. Tá na naisc sin ríthábhachtach i dtaca le saorghluaiseacht daoine, earraí, caipitil agus seirbhísí. Leis na gréasáin thras-Eorpacha, déantar naisc trasteorann a éascú, amhail Rail Baltica, is mó comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chothaítear, agus cuidítear le geilleagar margaidh shóisialta níos iomaíche a chruthú agus an t-athrú aeráide a chomhrac trí ghealltanais dícharbónaithe a chur san áireamh. Ba cheart caitheamh go cothrom le gach Ballstát agus ba cheart na míbhuntáistí a eascraíonn as leochaileachtaí geografacha buana a chur san áireamh mar is cuí.

32. EUR 28 396 mhilliún a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (SCE) don tréimhse 2021-2027. Is mar a leanas a dháilfear an méid sin idir na hearnálacha:

    a) iompar: EUR 21 384 mhilliún,

       - as a n-aistreofar EUR 10 000 milliún ón gCiste Comhtháthaithe a bheidh le caitheamh i gcomhréir le Rialachán SCE:

         - cuirfear 30 % ar fáil bunaithe ar ardleibhéal iomaíochais i measc na mBallstát atá incháilithe le haghaidh cistithe ón gCiste Comhtháthaithe agus urramóidh 70 % na leithdháiltí náisiúnta faoin gCiste Comhtháthaithe go dtí 2023 agus ina dhiaidh sin beidh sé bunaithe ar iomaíocht iomlán idir na Ballstáit atá incháilithe don Chiste Comhtháthaithe;

       - as a n-úsáidfear EUR 1 384 mhilliún chun mórnaisc iarnróid trasteorann idir tíortha comhtháthaithe atá ar iarraidh a chur i gcrích, chun tacú le feidhmiú an Mhargaidh Aonair. Beidh feidhm ag rialacha cómhaoinithe an aistrithe ón gCiste Comhtháthaithe chuig SCE.

    b) fuinneamh: EUR 5 180 milliún;

    c) cúrsaí digiteacha: EUR 1 832 mhilliún.

**An clár don Eoraip Dhigiteach**

33. Leis an gclár don Eoraip Dhigiteach, déanfar infheistíocht i bpríomhacmhainneachtaí digiteacha straitéiseacha amhail ríomhaireacht ardfheidhmíochta, intleacht shaorga agus cibearshlándáil an Aontais. Beidh sé ina chomhlánú ar ionstraimí eile, go háirithe Fís Eorpach agus SCE, chun tacú le claochlú digiteach na hEorpa. EUR 6 761 mhilliún a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an chláir don Eoraip Dhigiteach don tréimhse 2021-2027.

**CEANNTEIDEAL 2 – COMHTHÁTHÚ, ATHLÉIMNEACHT AGUS LUACHANNA**

34. Is é is aidhm don Cheannteideal seo breisluach Aontais a chur ar fáil trí chóineasú a chothú, trí thacú le hinfheistíocht, le cruthú post agus leis an bhfás, trí chabhrú le héagothromaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta agus críochacha laistigh de na Ballstáit agus ar fud na hEorpa a laghdú agus trí bheart a dhéanamh de réir bhriathar chláir oibre na Bratasláive agus na Róimhe. Faoin gCeannteideal seo, déantar infheistíocht san fhorbairt réigiúnach, sa chomhtháthú agus san athléimneacht, agus i ndaoine, sa chomhtháthú sóisialta agus i luachanna. Beidh ról ríthábhachtach ag an gCeannteideal seo maidir le rannchuidiú leis an bhfás inbhuanaithe agus leis an gcomhtháthú sóisialta agus maidir le comhluachanna a chur chun cinn.

35. Na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh an Cheannteidil seo, ní rachaidh siad thar EUR 377 768 milliún, a ndéanfar EUR 330 235 mhilliún de a leithdháileadh ar fho-Cheannteideal 2a "Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach" agus déanfar EUR 47 533 mhilliún a leithdháileadh ar fho-Cheannteideal 2b "Athléimneacht agus Luachanna":

| COMHTHÁTHÚ, ATHLÉIMNEACHT AGUS LUACHANNA<br>(Milliúin euro, praghsanna 2018) | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
| 49 741 | 51 101 | 52 194 | 53 954 | 55 182 | 56 787 | 58 809 |
| Fo-Cheannteideal 2a: Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach | | | | | | |
| 45 411 | 45 951 | 46 493 | 47 130 | 47 770 | 48 414 | 49 066 |
| Fo-Cheannteideal 2b: Athléimneacht agus Luachanna | | | | | | |
| 4 330 | 5 150 | 5 701 | 6 824 | 7 412 | 8 373 | 9 743 |

**An Beartas Comhtháthaithe**

36. Is é príomhchuspóir an Bheartais Chomhtháthaithe gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a shaothrú chun an comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú trí rannchuidiú leis na héagothromaíochtaí a laghdú idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil agus cúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla. Trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), sraith bainistíochta comhroinnte Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus an Ciste Comhtháthaithe (CC), beidh na spriocanna seo a leanas aige: Infheistíocht le haghaidh post agus fáis sna Ballstáit agus sna réigiúin, a bheidh i dteideal tacaíocht a fháil ó na Cistí go léir; agus "Comhar críochach Eorpach" a bheidh i dteideal tacaíocht a fháil ón CFRE.

37. Beidh ról níos tábhachtaí ag an mbeartas comhtháthaithe maidir le tacú le próiseas leanúnach an athchóirithe eacnamaíoch ag na Ballstáit tríd an nasc leis an Seimeastar Eorpach a neartú. Cuirfidh an Coimisiún agus na Ballstáit na moltaí tírshonracha ábhartha san áireamh le linn an phróisis ar fad.

38. EUR 322 285 mhilliún an méid foriomlán acmhainní a bheidh ar fáil don sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fáis
agus leithdháilfear mar a leanas é:

a) EUR 202 299 milliún san iomlán le haghaidh na réigiún lagfhorbartha;

b) EUR 47 789 milliún le haghaidh na réigiún trasdula;

c) EUR 27 212 mhilliún le haghaidh na réigiún níos forbartha;

d) EUR 42 556 mhilliún le haghaidh Ballstáit a fhaigheann tacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe;

e) EUR 1 928 milliún mar chistiú breise le haghaidh na réigiún is forimeallaí arna sainaithint in Airteagal 349 CFAE agus réigiúin NUTS leibhéal 2 a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 6 a ghabhann le hIonstraim Aontachais 1994;

f) EUR 500 milliún le haghaidh infheistíochtaí nuálaíochta idir-réigiúnacha.

39. Ní bheidh aon choigeartú teicniúil ann.

40. EUR 87 319 milliún a bheidh sa mhéid acmhainní a bheidh ar fáil do CSE+ faoin sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fáis, lena n-áirítear maoiniú sonrach EUR 473 mhilliún do na réigiúin is forimeallaí agus na réigiúin thuaisceartacha atá tearc i ndaoine. Déanfar EUR 175 mhilliún d'acmhainní CSE+ don sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fáis a leithdháileadh le haghaidh comhar trasnáisiúnta a thacaíonn le réitigh nuálacha faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach.

41. EUR 10 000 milliún a bheidh sa mhéid tacaíochta ón gCiste Comhtháthaithe atá le haistriú chuig SCE. Déanfar leithdháiltí gach Ballstáit den Chiste Comhtháthaithe a laghdú dá réir sin. Áirítear na módúlachtaí maidir le húsáid an mhéid aistrithe faoi Cheannteideal 1, SCE.

42. EUR 7 950 milliún an méid foriomlán acmhainní a bheidh ar fáil don sprioc Comhar críochach Eorpach (Interreg) agus dáilfear mar a leanas é:

    a) EUR 5 713 mhilliún san iomlán le haghaidh comhar trasteorann ar muir agus ar talamh;

    b) EUR 1 466 mhilliún san iomlán le haghaidh comhar trasnáisiúnta;

    c) EUR 500 milliún san iomlán le haghaidh comhar idir-réigiúnach;

    d) EUR 271 mhilliún san iomlán le haghaidh comhar sna réigiúin is forimeallaí.

    An méid EUR 970 milliún arna leithdháileadh ag an gCoimisiún le haghaidh ETC – comhpháirt le haghaidh infheistíochtaí nuálaíochta idir-réigiúnacha – roinntear ina dhá chuid í:

    - tá EUR 500 milliún tiomnaithe d'infheistíochtaí nuálaíochta idir-réigiúnacha faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach CFRE faoin sprioc Infheistíochtaí le haghaidh post agus fáis, agus
    - tá EUR 470 milliún san áireamh thuas agus ailtireacht nuashonraithe chláir ETC á cur san áireamh.

43. Déanfar 0.35% de na hacmhainní foriomlána a leithdháileadh ar chúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún.

**Sainmhínithe agus incháilitheacht**

44. Leithdháilfear acmhainní ó CRFE agus CSE+ don sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fáis ar thrí chineál réigiúin NUTS leibhéal 2, agus aicmiú NUTS ó 2016 á chur san áireamh, iad á sainiú ar bhonn na caoi a mbaineann a gcuid OTI *per capita*, arna thomhas de réir na gcaighdeán cumhachta ceannaigh (CCC) agus arna ríomh ar bhonn na bhfigiúr atá ag an Aontas don tréimhse 2015-2017, le meán OTI AE-27 don tréimhse thagartha chéanna, mar a leanas:
    a) réigiúin lagfhorbartha, ag a bhfuil OTI *per capita* faoi bhun 75 % de mheán-OTI AE-27;
    b) réigiúin trasdula, ag a bhfuil OTI *per capita* idir 75 % agus 100 % de mheán-OTI AE-27;
    c) réigiúin níos forbartha, ag a bhfuil OTI *per capita* os cionn 100 % de mheán-OTI AE-27.

45. Tacóidh an Ciste Comhtháthaithe leis na Ballstáit sin ar lú a n-ollioncam náisiúnta (OIN) *per capita* ná 90 % de mheán-OIN AE-27 *per capita* le haghaidh na tréimhse tagartha céanna, a thomhaisfear in CCCanna agus a ríomhfar ar bhonn fhigiúirí an Aontais le haghaidh na tréimhse 2015-2017.

**Modheolaíocht maidir le leithdháileadh acmhainní foriomlána de réir Ballstáit don tréimhse 2021-27**

<u>An modh leithdháilte do na réigiúin lagfhorbartha atá incháilithe faoin sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fáis</u>

46. Is é atá i leithdháileadh gach Ballstáit suim na leithdháiltí do na réigiúin incháilithe aonair atá aige, agus ríomhfar mar a leanas iad:
    a) an dearbhmhéid in aghaidh na bliana (in Euro) a chinneadh a fhaightear trí líon na ndaoine sa réigiún lena mbaineann a iolrú faoin difríocht atá ann idir OTI *per capita* an réigiúin sin, arna thomhas de réir CCC (caighdeán cumhachta ceannaigh), agus meán-OTI *per capita* AE-27 in CCC;

b) cuirfear céatadán i bhfeidhm ar an dearbhmhéid thuasluaite chun imchlúdach airgeadais an réigiúin sin a chinneadh; céimnítear an céatadán seo chun rathúnas coibhneasta an Bhallstáit ina bhfuil an réigiún incháilithe a léiriú, a thomhaisfear de réir CCC, i gcomparáid le meán AE-27, i.e.:

   i. le haghaidh réigiúin i mBallstáit a bhfuil a leibhéal OIN *per capita* faoi bhun 82 % de mheán an Aontais: 2.85 %;

   ii. le haghaidh réigiúin i mBallstáit a bhfuil a leibhéal OIN *per capita* idir 82 % agus 99 % de mheán an Aontais: 1.25 %;

   iii. le haghaidh réigiúin i mBallstáit a bhfuil a leibhéal OIN *per capita* os cionn 99 % de mheán an Aontais: 0.75 %.

c) don mhéid a fhaightear faoi chéim (b), más infheidhme, cuirtear méid a eascraíonn as leithdháileadh préimhe de EUR 570 in aghaidh an duine dhífhostaithe in aghaidh na bliana, arna chur i bhfeidhm ar an líon daoine atá dífhostaithe sa réigiún sin sa bhreis ar an líon a bheadh dífhostaithe dá mbeadh feidhm ag meánráta dífhostaíochta réigiúin lagfhorbartha uile an Aontais;

d) don mhéid a fhaightear faoi chéim (c), más infheidhme, cuirtear méid a eascraíonn as leithdháileadh préimhe de EUR 570 in aghaidh an duine óig dhífhostaithe (aoisghrúpa 15-24) in aghaidh na bliana, arna chur i bhfeidhm ar an líon daoine óga atá dífhostaithe sa réigiún sin sa bhreis ar an líon a bheadh dífhostaithe dá mbeadh meánráta na dífhostaíochta i measc na hóige i réigiúin lagfhorbartha uile an Aontais i bhfeidhm;

e) don mhéid a fhaightear faoi chéim (d), cuirfear leis, más infheidhme, méid a eascraíonn as leithdháileadh préimhe de EUR 270 in aghaidh an duine (aoisghrúpa 25-64) in aghaidh na bliana, arna chur i bhfeidhm ar an líon daoine sa réigiún sin ba ghá a bhaint chun teacht ar mheánráta réigiún lagfhorbartha uile an Aontais do na daoine a bhfuil leibhéal íseal oideachais acu (leibhéal níos lú ná bunoideachas, bunoideachas agus iar-bhunoideachas sóisearach);

f) leis an méid a fhaightear faoi chéim (e), cuirfear, más infheidhme, méid EUR 1 in aghaidh na coibhéise tona $CO_2$ in aghaidh na bliana á cur i bhfeidhm ar sciar daonra an réigiúin den líon coibhéise tona $CO_2$ lena sáraíonn an Ballstát sprioc na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa lasmuigh den scéim trádála astaíochtaí arna socrú don bhliain 2030 mar a mhol an Coimisiún in 2016;

g) leis an méid a fhaightear faoi chéim (f), cuirfear, más infheidhme, méid a eascraíonn as leithdháileadh préimhe de EUR 405 in aghaidh an duine in aghaidh na bliana, arna chur i bhfeidhm ar sciar daonra na réigiún den imirce ghlan ó lasmuigh den Aontas chuig an mBallstát ón 1 Eanáir 2014.

<u>An modh leithdháilte do na réigiúin trasdula atá incháilithe faoin sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fáis</u>

47. Is é atá i leithdháileadh gach Ballstáit suim na leithdháiltí do na réigiúin incháilithe aonair atá aige, agus ríomhfar mar a leanas iad:

a) déine uasta agus íosta don chúnamh teoiriciúil a chinneadh do gach réigiún trasdula incháilithe. Is é meándéine cabhrach tosaigh *per capita* gach réigiúin níos forbartha, i.e. EUR 15.2 in aghaidh an duine in aghaidh na bliana, a chinnfidh an leibhéal íosta tacaíochta. Tagraíonn leibhéal uasta na tacaíochta do réigiún teoiriciúil a bhfuil OTI in aghaidh an duine aige atá 75 % de mheán AE-27 agus ríomhtar é trí leas a bhaint as modh a shainítear i mír 46 .(a) agus (b) thuas Cuirtear 60 % den mhéid a fhaightear tríd an modh seo san áireamh;

b) ríomh na leithdháiltí réigiúnacha tosaigh, agus OTI réigiúnach *per capita* (in CCC) á chur san áireamh trí idirshuíomh líneach OTI *per capita* coibhneasta an réigiúin i gcomparáid le AE-27;

c) leis an méid a fhaightear faoi chéim (b), cuirfear, más infheidhme, méid a eascraíonn as leithdháileadh préimhe de EUR 560 in aghaidh an duine dhífhostaithe in aghaidh na bliana, arna chur i bhfeidhm ar an líon daoine atá dífhostaithe sa réigiún sin sa bhreis ar an líon a bheadh dífhostaithe dá mbeadh feidhm ag meánráta dífhostaíochta réigiúin lagfhorbartha uile an Aontais;

d) leis an méid a fhaightear faoi chéim (c), cuirfear, más infheidhme, méid a eascraíonn as leithdháileadh préimhe de EUR 560 in aghaidh an duine óig dhífhostaithe (aoisghrúpa 15-24) in aghaidh na bliana, arna chur i bhfeidhm ar an líon daoine óga atá dífhostaithe sa réigiún sin sa bhreis ar an líon a bheadh dífhostaithe dá mbeadh meánráta na dífhostaíochta i measc óige na réigiún lagfhorbartha uile i bhfeidhm;

e) leis an méid a fhaightear i gcomhréir le pointe (d), cuirfear, más infheidhme, méid a eascraíonn as leithdháileadh préimhe de EUR 250 in aghaidh an duine (aoisghrúpa 25-64) in aghaidh na bliana, arna chur i bhfeidhm ar an líon daoine sa réigiún sin ba ghá a bhaint chun teacht ar mheánráta na réigiún lagfhorbartha uile do na daoine a bhfuil leibhéal íseal oideachais orthu (leibhéal níos lú ná bunoideachas, bunoideachas agus iar-bhunoideachas sóisearach);

f) leis an méid a fhaightear i gcomhréir le pointe (e), cuirfear , más infheidhme, méid EUR 1 in aghaidh na coibhéise tona $CO_2$ in aghaidh na bliana á cur i bhfeidhm ar sciar daonra an réigiúin den líon coibhéise tona $CO_2$ lena sáraíonn an Ballstát sprioc na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa lasmuigh den scéim trádála astaíochtaí arna socrú don bhliain 2030 mar a mhol an Coimisiún in 2016;

g) leis an méid a fhaightear i gcomhréir le pointe (d), cuirfear méid a eascraíonn as leithdháileadh préimhe de EUR 405 in aghaidh an duine in aghaidh na bliana, arna chur i bhfeidhm ar sciar daonra an réigiúin den imirce ghlan ó lasmuigh den Aontas chuig an mBallstát ón 1 Eanáir 2014.

<u>An modh leithdháilte do na réigiúin níos forbartha atá incháilithe faoin sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fáis</u>

48. Gheofar an t-imchlúdach airgeadais teoiriciúil tosaigh iomlán trí dhéine cúnaimh in aghaidh an duine agus in aghaidh na bliana de EUR 15.2 a iolrú faoin daonra incháilithe.

49. Is éard a bheidh i sciar gach Ballstáit lena mbaineann suim sciartha a réigiún incháilithe, a chinntear ar bhonn na gcritéar seo a leanas, agus iad ualaithe mar atá léirithe:

a) daonra réigiúnach iomlán (ualú 20 %);

b) líon na ndaoine atá dífhostaithe i réigiúin NUTS leibhéal 2 a bhfuil ráta dífhostaíochta iontu is airde ná an meán do gach réigiún níos forbartha (ualú 12.5 %);

c) an fhostaíocht is gá a shuimiú chun an meánráta fostaíochta (20 go 64 bliana d'aois) atá ag na réigiúin níos forbartha uile a bhaint amach (ualú 20 %);

d) an líon daoine idir 30 agus 34 bliana d'aois a bhfuil oideachas treasach bainte amach acu is gá a shuimiú chun an meánráta don leibhéal oideachas treasach (30 go 34 bliana d'aois) atá ag na réigiúin níos forbartha uile a bhaint amach (ualú 22.5 %);

e) an líon luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna (18 go 24 bliana d'aois) is gá a dhealú chun an meánráta do luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna (18 go 24 bliana d'aois) atá ag na réigiúin níos forbartha uile a bhaint amach (ualú 15 %);

f) an difríocht idir OTI breathnaithe an réigiúin (arna thomhas in CCC) agus OTI réigiúnach teoiriciúil an réigiúin dá mbeadh OTI céanna in aghaidh an duine ag an réigiún agus atá ag an réigiún is mó rathúnas de chuid NUTS leibhéal 2 (ualú 7.5 %);

g) daonra réigiúin NUTS leibhéal 3 ag a bhfuil dlús daonra is lú ná 12.5 áitritheoir/km2 (ualú 2.5 %).

50. Leis na méideanna de réir réigiún NUTS leibhéal 2 a fhaightear i gcomhréir le pointe 44, cuirfear, más infheidhme, méid EUR 1 in aghaidh na coibhéise tona $CO_2$ in aghaidh na bliana arna chur i bhfeidhm ar sciar daonra an réigiúin den líon coibhéise tona $CO_2$ lena sáraíonn an Ballstát sprioc na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa lasmuigh den scéim trádála astaíochtaí arna socrú don bhliain 2030 mar a mhol an Coimisiún in 2016.

51. Leis na méideanna de réir réigiún NUTS leibhéal 2 a fhaightear i gcomhréir le pointe 45, cuirfear méid a eascraíonn as leithdháileadh préimhe de EUR 405 in aghaidh an duine in aghaidh na bliana, arna chur i bhfeidhm ar sciar daonra an réigiúin den imirce ghlan ó lasmuigh den Aontas chuig an mBallstát ón 1 Eanáir 2014.

<u>An modh leithdháilte do na Ballstáit atá incháilithe don Chiste Comhtháthaithe</u>

52. Gheofar an t-imchlúdach airgeadais tríd an meándéine cabhrach in aghaidh an duine agus in aghaidh na bliana de EUR 62.9 a iolrú faoin daonra incháilithe. Freagraíonn leithdháileadh gach Ballstáit den imchlúdach airgeadais teoiriciúil seo do chéatadán atá bunaithe ar an daonra atá ann, ar an achar dromchla agus ar an rathúnas náisiúnta, agus gheofar é trí na céimeanna seo a leanas a chur i bhfeidhm:

   a) meán uimhríochta sciar daonra an Bhallstáit sin agus sciartha achar dromchla dhaonra iomlán agus achar dromchla iomlán na mBallstát atá incháilithe a ríomh. Más rud é, áfach, go sáraítear le sciar Ballstáit den daonra iomlán, a sciar den achar dromchla iomlán faoi fhachtóir a cúig nó níos mó ná sin ina léirítear dlús daonra fíorard, ní úsáidfear ach sciar an daonra iomláin don chéim seo;

   b) coigeartú na bhfigiúirí céatadáin a fhaightear ar an tslí seo trí chomhéifeacht ina léirítear aon trian den chéatadán ar mó nó ar lú OIN *per capita* an Bhallstáit (arna thomhas in CCCanna) don tréimhse 2015-2017 ná an meán-OIN *per capita* atá ag gach Ballstát incháilithe (meán arna shloinneadh mar 100 %).

I gcás gach Ballstáit incháilithe, ní bheidh sciar an Chiste Chomhtháthaithe níos airde ná aon trian den leithdháileadh iomlán lúide an leithdháileadh don sprioc Forbairt Chríochach Eorpach tar éis míreanna 50 go 55 a chur i bhfeidhm. An coigeartú seo, méadóidh sé go comhréireach gach aistriú eile a eascraíonn as míreanna 40 go 45.

<u>An modh leithdháilte don sprioc Comhar críochach Eorpach</u>

53. An leithdháileadh acmhainní ag Ballstát, a chumhdaíonn comhar trasteorann, trasnáisiúnta agus na réigiún is forimeallaí, déanfar é a chinneadh mar shuim ualaithe de na sciartha arna gcinneadh ar bhonn na gcritéar seo a leanas, agus iad ualaithe mar atá léirithe:

    a) daonra iomlán réigiúin teorann uile NUTS leibhéal 3 agus réigiúin eile NUTS leibhéal 3 ina bhfuil leath den daonra réigiúnach ar a laghad ina gcónaí laistigh de 25 chiliméadar den teorainn (ualú 45.8 %);

    b) an daonra ina gcónaí laistigh de 25 chiliméadar de na teorainneacha talún (ualú 30.5 %);

    c) daonra iomlán na mBallstát (ualú 20 %);

    d) daonra iomlán na réigiún is forimeallaí (ualú 3.7 %).

    An sciar den chomhpháirt trasteorann, freagraíonn sé do shuim ualuithe chritéir (a) agus (b). An sciar den chomhpháirt thrasnáisiúnta, freagraíonn sé d'ualú chritéar (c). An sciar de chomhar na réigiún is forimeallaí, freagraíonn sé d'ualú chritéar (d).

<u>An modh leithdháilte don chistiú breise le haghaidh na réigiún is forimeallaí arna sainaithint in Airteagal 349 CFAE agus réigiúin NUTS leibhéal 2 a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 6 a ghabhann le hIonstraim Aontachais 1994</u>

54. Déanfar leithdháileadh speisialta breise a fhreagraíonn do dhéine cúnaimh de EUR 40 in aghaidh an áitritheora in aghaidh na bliana a leithdháileadh ar réigiúin NUTS leibhéal 2 is forimeallaí agus ar réigiúin NUTS leibhéal 2 thuaisceartacha is teirce daonra. Déanfar an leithdháileadh sin a dháileadh in aghaidh an réigiúin agus an Bhallstáit ar bhealach a bheidh comhréireach le daonra iomlán na réigiún sin.

<u>Leibhéil íosta agus uasta na n-aistrithe ó na cistí a thacaíonn le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach (uasteorannú agus líontáin sábhála)</u>

55. Chun rannchuidiú le díriú leordhóthanach an chistithe chomhtháite ar na réigiúin agus ar na Ballstáit is lú forbairt agus le laghdú na n-éagothromaíochtaí i meándéiní cabhrach *per capita*, cinnfear an leibhéal uasta aistrithe (uasteorannú) ó na Cistí chuig gach ceann aonair de na Ballstáit mar chéatadán de OTI an Bhallstáit agus is iad seo a leanas na céatadáin:

    a) i gcás na mBallstát a bhfuil a leibhéal OIN *per capita* (in CCC) don tréimhse 2015-2017 níos lú ná 55 % den mheán AE-27: 2.3 % dá OTI;

    b) i gcás na mBallstát a bhfuil a leibhéal OIN *per capita* (in CCC) don tréimhse 2015-2017 cothrom le nó níos mó ná 68 % den mheán AE-27: 1.5 % dá OTI;

    c) i gcás na mBallstát a bhfuil a leibhéal OIN *per capita* (in CCC) don tréimhse 2015-2017 cothrom le nó níos mó ná 55 % agus níos lú ná 68 % den mheán AE-27: faightear an céatadán trí idirshuíomh líneach idir 2.3 % agus 1.5 % dá OTI, as a n-eascraíonn laghdú comhréireach ar an gcéatadán uasteorannaithe i gcomhréir leis an méadú ar rathúnas.

    Cuirfear an t-uasteorannú i bhfeidhm ar bhonn bliantúil ar réamh-mheastacháin OTI an Choimisiúin, agus laghdófar leis go comhréireach – más infheidhme – gach aistriú (seachas do na réigiúin níos forbartha agus don sprioc Comhar críochach Eorpach) don Bhallstát lena mbaineann chun leibhéal uasta an aistrithe a bhaint amach.

56. Ní bheidh mar thoradh ar na rialacha a dtugtar tuairisc orthu i mír 50 go mbeidh leithdháiltí in aghaidh an Bhallstáit níos airde ná 107 % dá leibhéal i dtéarmaí réadacha do chlárthréimhse 2014-2020. Cuirfear an coigeartú seo i bhfeidhm go comhréireach ar gach aistriú (seachas don sprioc Forbairt Chríochach Eorpach) chuig na Ballstáit lena mbaineann chun an leibhéal uasta aistrithe a fháil.

57. Chun iarrachtaí cóineasaithe a chomhdhlúthú agus chun a áirithiú go mbeidh an t-aistriú réidh agus de réir a chéile, is é 76 % de leithdháileadh iomlán aonair an Bhallstáit do 2014-2020 a bheidh sa leithdháileadh iomlán íosta ó na Cistí don Bhallstát. Beidh an leithdháileadh iomlán íosta ó na Cistí do Bhallstát ina bhfuil ar a laghad aon trian dá dhaonra ina gcónaí i réigiúin NUTS leibhéal 2 agus ag a bhfuil OTI in aghaidh an duine níos lú na 50 % de mheán an Aontais, ag freagairt do 85 % de leithdháileadh iomlán aonair an Bhallstáit sin do 2014-2020. Déanfar na coigeartuithe is gá chun an ceanglas seo a chomhlíonadh a chur i bhfeidhm go comhréireach maidir le leithdháiltí ó na Cistí, agus gan na leithdháiltí faoin sprioc Comhar críochach Eorpach á gcur san áireamh.

58. Beidh an leithdháileadh iomlán uasta ó na Cistí i gcás Ballstáit a bhfuil OIN *per capita* (in CCC) de 120 %, ar a laghad, den mheán AE-27 ag freagairt do 80 % dá leithdháileadh iomlán 2014-2020 aonair. Beidh an leithdháileadh iomlán uasta ó na cistí i gcás Ballstáit a bhfuil a OIN *per capita* (in CCC) comhionann le 110 %, nó níos mó ná sin, agus faoi bhun 120 % den mheán AE-27 ag freagairt do 90 % dá leithdháileadh iomlán 2014-2020 aonair. Déanfar na coigeartuithe is gá chun an ceanglas seo a chomhlíonadh a chur i bhfeidhm go comhréireach maidir le leithdháiltí ó na Cistí, agus gan an leithdháileadh faoin sprioc Comhar críochach Eorpach á gcur san áireamh. Má tá réigiúin trasdula ag Ballstát a bhfuil feidhm ag mír **61** maidir leo, aistreofar 25 % de leithdháileadh an Bhallstáit sin le haghaidh na réigiún níos forbartha chuig leithdháileadh réigiúin trasdula an Bhallstáit sin.

<u>Forálacha do leithdháileadh breise</u>

59. I gcás na réigiún uile a aicmíodh mar réigiúin lagfhorbartha sa chlárthréimhse 2014-2020, ach a bhfuil OTI *per capita* acu atá níos mó ná 75 % den mheán AE-27, beidh an leibhéal íosta tacaíochta faoin sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fáis ag freagairt gach bliain do 60 % den mheán-leithdháileadh bliantúil táscach a bhí acu roimhe sin faoin sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fáis, arna ríomh ag an gCoimisiún de réir CAI 2014-2020.

60. Ní bhfaighidh aon réigiún trasdula níos lú ná mar a gheobhadh sé dá mba réigiún níos forbartha é.

61. Beidh leithdháileadh iomlán íosta Ballstáit dá réigiúin trasdula, a bhí ina réigiúin trasdula cheana in 2014-20, ag freagairt d'íosmhéid 65 % de leithdháileadh iomlán 2014-20 do na réigiúin sin sa Bhallstát sin.

62. D'ainneoin mhíreanna **55** go 58, beidh feidhm ag leithdháiltí breise mar a leagtar amach i míreanna 63 go 67.

63. Déanfar EUR 120 milliún san iomlán a leithdháileadh don chlár PEACE PLUS ar mhaithe le síocháin agus athmhuintearas agus chun leanúint den chomhar trasteorann Thuaidh-Theas.

64. I gcás inar tháinig laghdú níos mó ná 1 % ar an meán ar dhaonra Ballstáit in aghaidh na bliana idir na tréimhsí 2007-2009 agus 2016-2018, gheobhaidh an Ballstát sin leithdháileadh breise a bheidh coibhéiseach leis an titim iomlán ina dhaonra idir an dá thréimhse sin iolraithe faoi EUR 500. Is do na réigiúin lagfhorbartha sa Bhallstát lena mbaineann a bheidh an leithdháileadh breise sin.

65. Maidir le réigiúin lagfhorbartha i mBallstáit nár thairbhigh ach de thréimhse amháin den bheartas comhtháthaithe, cuirfear leithdháileadh breise EUR 400 milliún ar fáil dá réigiúin lagfhorbartha.

66. Chun aitheantas a thabhairt do na dúshláin a bhaineann le cás na mBallstát oileánach agus d'iargúltacht codanna áirithe den Aontas Eorpach, gheobhaidh Málta agus an Chipir araon imchlúdach breise de EUR 100 milliún do na Cistí Struchtúracha faoin sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fáis. Leithdháilfear imchlúdach breise de EUR 100 milliún ar na limistéir thuaisceartacha ar bheagán daonra san Fhionlainn faoi na Cistí Struchtúracha.

67. Chun borradh a chur faoin iomaíochas, an fás agus cruthú post i mBallstáit áirithe, cuirfidh na Cistí Struchtúracha na leithdháiltí breise seo a leanas ar fáil faoin sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fáis: EUR 200 milliún don Bheilg do na réigiúin trasdula, EUR 200 milliún don Bhulgáir do na réigiúin lagfhorbartha, EUR 1 550 milliún do Phoblacht na Seice faoin gCiste Comhtháthaithe, EUR 100 milliún don Chipir do na Cistí Struchtúracha faoin sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fáis, EUR 50 milliún don Eastóin, EUR 650 milliún don Ghearmáin do na réigiúin trasdula ag teacht faoin líontán sábhála arna leagan amach i mír 61, EUR 50 milliún do Mhálta do na Cistí Struchtúracha faoin sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fáis, EUR 600 milliún don Pholainn do na réigiúin lagfhorbartha, EUR 300 milliún don Phortaingéil do na réigiúin trasdula, agus EUR 350 milliún don réigiún níos forbartha sa tSlóivéin.

**Rátaí cómhaoinithe**

68. An ráta cómhaoinithe don sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fáis, ní bheidh sé níos airde ná:

a) 85 % le haghaidh na réigiún lagfhorbartha;

b) 70 % do réigiúin trasdula a aicmíodh sa chlárthréimhse 2014-2020 mar réigiúin lagfhorbartha;

c) 60 % le haghaidh na réigiún trasdula;

d) 40 % le haghaidh na réigiún níos forbartha.

Na rátaí cómhaoinithe do na réigiúin is forimeallaí, ní bheidh siad níos airde ná 85 %.

An ráta cómhaoinithe don Chiste Comhtháthaithe, ní bheidh sé níos airde ná 85 %.

Féadfaidh rátaí cómhaoinithe níos airde do thosaíochtaí a thacaíonn le gníomhaíochtaí nuálacha agus do thacaíocht do na daoine is díothaí faoi CSE+ a bheith i bhfeidhm.

An ráta cómhaoinithe do na cláir Interreg, ní bheidh sé níos airde ná 80 %.

Féadfaidh rátaí cómhaoinithe níos airde a bheith i bhfeidhm do chláir don chomhar trasteorann seachtrach faoin sprioc Comhar críochach Eorpach (Interreg).

Féadfar bearta cúnaimh theicniúil arna gcur chun feidhme ar thionscnamh ón gCoimisiún, nó thar a cheann, a mhaoiniú de réir ráta 100 %.

**Bearta atá nasctha le rialachas eacnamaíoch fónta**

69. Sásraí lena áirithiú go mbeidh nasc idir beartais chistiúcháin an Aontais agus rialachas eacnamaíoch an Aontais, ba cheart iad a choimeád ar bun ionas gur féidir leis an gCoimisiún athbhreithniú nó leasuithe a iarraidh ar chláir ábhartha chun tacú le moltaí ábhartha ón gComhairle a chur chun feidhme nó chun tionchar fáis agus iomaíochta na gCistí a uasmhéadú; nó togra a chur chuig an gComhairle maidir le cuid de na gealltanais, nó na gealltanais uile, do chlár amháin nó níos mó de chuid an Bhallstáit lena mbaineann a chur ar fionraí i gcás nach ndéanfaidh an Ballstát sin bearta éifeachtacha i gcomhthéacs phróiseas an rialachais eacnamaíoch.

**Rátaí réamh-mhaoiniúcháin**

70. Íocfaidh an Coimisiún réamh-mhaoiniú bunaithe ar an tacaíocht iomlán ó na Cistí arna leagan amach sa chinneadh lena bhformheastar an clár. Déanfar an réamh-mhaoiniú i gcás gach Ciste a íoc i dtráthchodanna bliantúla faoi réir na gcistí atá ar fáil, mar seo a leanas:

    a) 2021: 0.5 %;
    b) 2022: 0.5 %;
    c) 2023: 0.5 %;
    d) 2024: 0.5 %;

e) 2025: 0.5 %;

f) 2026: 0.5 %.

Déanfar an réamh-mhaoiniú don sprioc Comhar críochach Eorpach (Interreg) a íoc i dtráthchodanna bliantúla faoi réir na gcistí atá ar fáil, mar seo a leanas:

a) 2021: 1 %;

b) 2022: 1 %;

c) 2023: 3 %;

d) 2024: 3 %;

e) 2025: 3 %;

f) 2026: 3 %.

Déanfar an réamh-mhaoiniú do gach Ciste agus don sprioc Comhar críochach Eorpach a ghlanadh gach bliain le glacadh na gcuntas.

Maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí, leagfar amach ráta réamh-mhaoiniúcháin sonrach ina leith.

Déanfar cláir a bhaineann leis an tréimhse 2014-2020 a réamh-mhaoiniú ag ráta 2 % amhail ón 1 Eanáir 2021.

**Rialacha maidir le saoradh**

71. Aon mhéid i gclár nár úsáideadh le haghaidh réamh-mhaoinithe nó nár cuireadh isteach iarratas ar íocaíocht ina leith faoin 31 Nollaig den tríú bliain féilire tar éis bhliain na ngealltanas buiséadach do na blianta 2021 go 2026, déanfar é a shaoradh. Leanfaidh an 31 Nollaig 2029 de bheith ina dháta deiridh incháilitheachta.

**Díriú téamach thacaíocht CFRE**

72. Maidir leis na cláir a chuirtear chun feidhme faoin sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fáis, déanfar iomlán na n-acmhainní CFRE i ngach Ballstát a dhíriú ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach mar a leanas:

    a) Déanfaidh na Ballstáit a bhfuil cóimheas ollioncaim náisiúnta atá cothrom le 100 % nó níos mó acu, nó na réigiúin níos forbartha, 85 % ar a laghad dá n-acmhainní iomlána CFRE a leithdháileadh faoi thosaíochtaí seachas cúnamh teicniúil ar chuspóirí "Eoraip níos cliste" agus "Eoraip níos glaise", agus 30 % ar a laghad a leithdháileadh ar "Eoraip níos glaise";

    b) Déanfaidh na Ballstáit a bhfuil cóimheas ollioncaim náisiúnta atá cothrom le 75 % nó níos mó, agus faoi 100 % acu nó na réigiúin trasdula, 40 % ar a laghad dá n-acmhainní iomlána CFRE a leithdháileadh faoi thosaíochtaí seachas cúnamh teicniúil ar "Eoraip níos cliste" agus 30 % ar a laghad a leithdháileadh ar "Eoraip níos glaise";

    c) Déanfaidh na Ballstáit a bhfuil cóimheas ollioncaim náisiúnta faoi 75 % acu, nó na réigiúin lagfhorbartha, 25 % ar a laghad dá n-acmhainní iomlána CFRE a leithdháileadh faoi thosaíochtaí seachas cúnamh teicniúil ar "Eoraip níos cliste" agus 30 % ar a laghad a leithdháileadh ar "Eoraip níos glaise".

    Cinnfidh na Ballstáit ag tús na clárthréimhse an leibhéal – náisiúnta nó réigiúnach – a gcuirfí díriú téamach i bhfeidhm maidir leis. I gcás ina gcinnfidh Ballstát an díriú téamach a bhunú ar an leibhéal réigiúnach, saineofar a cheanglais le haghaidh réigiúin uile an Bhallstáit atá sa chatagóir forbartha chéanna.

    Más mó ná 50 % an sciar d'acmhainní an Chiste Chomhtháthaithe a leithdháiltear chun tacú leis an gcuspóir "Eoraip níos glaise", féadfar na leithdháiltí os cionn 50 % a áireamh chun íos-sciartha CFRE a ghnóthú.

    Chun críocha na míre seo, ciallaíonn cóimheas ollioncaim náisiúnta an cóimheas idir an t-ollioncam náisiúnta *per capita* atá ag Ballstát, arna thomhas in CCCanna, agus arna ríomh ar bhonn na bhfigiúr atá ag an Aontas don tréimhse 2015-2017, agus an meán-ollioncam *per capita* in CCCanna atá ag na 27 mBallstát don tréimhse thagartha chéanna.

**Tacaíocht do phobal Turcach na Cipire**

73. Cuirfear maoiniú ar fáil leis an gCeannteideal seo freisin chun tacú le pobal Turcach na Cipire.

**Íocaíochtaí úis**

74. EUR 12 914 mhilliún a bheidh san imchlúdach airgeadais le haghaidh íocaíochtaí úis atá dlite ag an Aontas i ndáil lena iasachtaíocht ar na margaí caipitil faoi NGEU don tréimhse 2021-2027. Na méideanna nár úsáideadh le haghaidh íocaíochtaí úis, úsáidfear iad le haghaidh aisíocaíochtaí luatha a dhéanfar roimh dheireadh CAI 2021-2027, le híosmhéid, agus féadfar iad a mhéadú os cionn an leibhéil sin ar choinníoll gur tugadh isteach acmhainní dílse nua.

75. Leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, feabhsófar acmhainneacht riaracháin na mBallstát chun athchóirithe a cheapadh, a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Beidh teacht ag gach Ballstát uirthi agus beidh imchlúdach airgeadais EUR 767 milliún aici don tréimhse 2021-2027.

**Infheistíocht i ndaoine, comhtháthú sóisialta agus luachanna**

76. Cuirfear tacaíocht chuimsitheach ar fáil le CSE+ don fhostaíocht don aos óg, d'uas-sciliú agus athsciliú oibrithe, do chuimsiú sóisialta agus laghdú bochtaineachta, lena n-áirítear bochtaineacht leanaí, trí na cláir atá ann cheana a chumasc: Ciste Sóisialta na hEorpa, an Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg, an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí, agus an clár um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta.

EUR 87 995 mhilliún a bheidh san imchlúdach airgeadais iomlán do CSE+ don tréimhse 2021-2027, ina bhfuil:

- EUR 676 mhilliún le haghaidh na sraithe de CSE+ atá faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach;
- EUR 87 319 milliún le haghaidh na sraithe de CSE+ atá faoi bhainistíocht chomhroinnte faoin sprioc Infheistíocht le haghaidh post agus fáis.

Fanfaidh an tsraith de bhainistíocht chomhroinnte faoi fho-cheannteideal in éineacht le CFRE agus leis an gCiste Comhtháthaithe.

77. Maidir le hacmhainní CSE+ atá faoi bhainistíocht chomhroinnte, leithdháilfidh gach Ballstát an méid seo a leanas:

a) 25 % ar a laghad ar chuspóirí sonracha an chuimsithe shóisialta, lena n-áirítear lánpháirtiú imirceach;

b) 2 % ar a laghad ar an gcuspóir sonrach maidir le haghaidh a thabhairt ar an díth ábhartha;

c) 10 % ar a laghad ar ghníomhaíochtaí spriocdhírithe do dhaoine óga nach bhfuil i mbun fostaíochta (NEET) i gcás ráta NEET a bheith acu atá os cionn mheán an Aontais.

78. Ag tógáil ar an Erasmus+ atá ann cheana, cuirfidh an clár nua deiseanna foghlama agus soghluaisteachta ar fáil do dhaltaí, printísigh, daoine óga, mic léinn agus múinteoirí. Díreoidh sé go mór ar chuimsiú daoine ar bheagán deiseanna agus cuirfidh sé le deiseanna comhair thrasnáisiúnta d'ollscoileanna, agus d'institiúidí gairmoideachas agus gairmoiliúna. Leanfaidh Erasmus+ de bheith ag tacú le comhar i réimse an spóirt. EUR 21 208 milliún a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme chlár Erasmus+ don tréimhse 2021-2027.

**Athléimneacht**

79. EUR 1 106 mhilliún a bheidh san imchlúdach airgeadais don chlár rescEU faoi CAI.

80. Bunófar clár Sláinte. EUR 1 670 milliún a bheidh san imchlúdach airgeadais don chlár Sláinte faoi CAI.

81. EUR 1 642 mhilliún a bheidh san imchlúdach airgeadais don chlár Eoraip na Cruthaitheachta faoi CAI agus EUR 841 mhilliún a bheidh san imchlúdach airgeadais don chlár um Cheartas, Cearta agus Luachanna faoi CAI.

82. Beidh an méid a bheidh ann do Eurojust 10 % níos airde ar a laghad ná leibhéal 2020 i dtéarmaí réadacha.

83. Áiritheofar acmhainní leordhóthanacha d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus do OLAF chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú.

**CEANNTEIDEAL 3 – ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA AGUS AN COMHSHAOL**

84. Dírítear leis an gcistiú faoin gCeannteideal seo ar bhreisluach a bhaint amach le beartas talmhaíochta, muirí agus iascaigh atá nuachóirithe, inbhuanaithe, agus trí ghníomhú ar son na haeráide a thabhairt chun tosaigh agus cosaint an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta a chur chun cinn. Le príomhshruthú na haeráide ar fud an bhuiséid agus comhtháthú feabhsaithe na gcuspóirí comhshaoil, tá ról lárnach ag an gCeannteideal seo i dtaca leis an sprioc uaillmhianach 30 % ar a laghad de chaiteachas an Aontais a bheith ag rannchuidiú le cuspóirí aeráide a bhaint amach.

85. Na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh an Cheannteidil seo, ina gclúdaítear an beartas talmhaíochta agus an beartas muirí, chomh maith leis an gcomhshaol agus gníomhú ar son na haeráide, ní rachaidh siad thar EUR 356 374 mhilliún, as a leithdháilfear EUR 258 594 mhilliún ar chaiteachas a bhaineann leis an margadh agus ar íocaíochtaí díreacha. Na híocaíochtaí díreacha faoi Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 agus faoin Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT, ní rachaidh siad thar EUR 239 916 mhilliún.

| ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA AGUS AN COMHSHAOL<br>(Milliúin euro, praghsanna 2018) | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
| 55 242 | 52 214 | 51 489 | 50 617 | 49 719 | 48 932 | 48 161 |
| ina bhfuil: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha | | | | | | |
| 38 564 | 38 115 | 37 604 | 36 983 | 36 373 | 35 772 | 35 183 |

**An Comhbheartas Talmhaíochta**

86. Le Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) athchóirithe nuachóirithe, áiritheofar go mbeidh teacht ar bhia atá sábháilte, ar ardchaighdeán, inacmhainne, cothaitheach agus éagsúil. Beidh sé ina thaca ag an aistriú chuig earnáil talmhaíochta a bheidh margadh-dhírithe, inbhuanaithe ó thaobh geilleagair, comhshaoil, agus sochaí de, agus a thacóidh le limistéir bhríomhara thuaithe a fhorbairt. Leanfaidh CBT de bheith ag comhlíonadh na gcuspóirí arna leagan amach sna Conarthaí agus de chaighdeán cóir maireachtála a chur ar fáil don phobal talmhaíochta. Tabharfaidh CBT lánaird freisin ar riachtanais leasa na n-ainmhithe. Ba cheart struchtúr sóisialta na talmhaíochta a chur san áireamh mar aon leis na héagothromaíochtaí struchtúracha agus nádúrtha idir na réigiúin éagsúla talmhaíochta.

87. Le samhail nua seachadta, lena dtabharfar an dá cholún isteach faoi ionstraim chlársceidealaithe amháin – an Plean Straitéiseach faoi CBT – bainfear amach na cuspóirí coiteanna a shocraítear ar leibhéal an Aontais. A bhuí leis an tsamhail nua seachadta, tabharfar níos mó solúbthachta do na Ballstáit agus cuideofar leis an simpliú. Is é 40 % an sciar de chaiteachas CBT a mheastar a thiomnófar don ghníomhú ar son na haeráide.

88. Leanfaidh an Comhbheartas Talmhaíochta don tréimhse 2021-2027 de bheith bunaithe ar struchtúr an dá cholún:

   a) Faoi Cholún I (bearta margaidh agus íocaíochtaí díreacha), tabharfar tacaíocht dhíreach d'fheirmeoirí agus maoineofar bearta margaidh. Rannchuideoidh sé, go háirithe trí bhíthin struchtúr nua comhshaoil, le leibhéal níos airde uaillmhéine ó thaobh an chomhshaoil agus na haeráide de a bhaint amach sa Chomhbheartas Talmhaíochta. Mar atá á dhéanamh le linn na tréimhse reatha maoiniúcháin, is as buiséad an Aontais a chisteofar ina n-iomláine na bearta atá i gColún I.

   b) Faoi Cholún II (forbairt tuaithe), cuirfear earraí poiblí aeráide agus comhshaoil sonracha ar fáil, feabhsófar iomaíochas earnáil na talmhaíochta agus earnáil na foraoiseachta agus déanfar éagsúlú na gníomhaíochta eacnamaíche agus an cháilíocht saoil agus oibre a chur chun cinn i limistéir thuaithe lena n-áirítear limistéir a bhfuil srianta sonracha orthu. Déanfaidh na Ballstáit cómhaoiniú ar bhearta Cholún II.

**Colún I**

*Cóineasú seachtrach*

89. Leanfar den chóineasú seachtrach ar íocaíochtaí díreacha. Déanfaidh gach Ballstát a bhfuil íocaíochtaí díreacha acu in aghaidh an heicteáir faoi 90 % de mheán an Aontais 50 % den bhearna a dhúnadh idir a meánleibhéal reatha maidir le híocaíochtaí díreacha agus 90 % de mheán an Aontais i sé cinn de chéimeanna comhionanna ó 2022 ar aghaidh. Déanfaidh gach Ballstát an cóineasú sin a mhaoiniú go comhréireach. Ina theannta sin, beidh ag gach Ballstát EUR 200 in aghaidh an heicteáir in 2022 agus bainfidh gach Ballstát amach EUR 215 in aghaidh an heicteáir faoi 2027.

*Uasteorannú ar íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí móra*

90. Tabharfar isteach, ar bhonn saorálach, uasteorannú ar íocaíochtaí díreacha le tairbhithe móra ag EUR 100 000. Ní bheidh feidhm aige ach i dtaca le Tacaíocht Bhunúsach Ioncaim i dtaobh na hInbhuanaitheachta (BISS). Agus uasteorannú á chur i bhfeidhm, féadfaidh na Ballstáit na costais saothair uile a dhealú ó mhéid na Tacaíochta Bunúsaí Ioncaim i dtaobh na hInbhuanaitheachta a íocfar in aghaidh an tairbhí.

*Cúlchiste talmhaíochta agus smacht airgeadais*

91. Bunófar ag tús gach bliana sa Chiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT), cúlchiste chun tacaíocht a chur ar fáil don earnáil talmhaíochta chun críoch an bhainistithe agus an chobhsaithe margaidh nó i gcás géarchéimeanna a dhéanfaidh difear don táirgeacht talmhaíochta nó don dáileadh talmhaíochta ("an cúlchiste talmhaíochta"). EUR 450 milliún, ag na praghsanna reatha, a bheidh i méid an chúlchiste talmhaíochta ag tús gach bliana sa tréimhse 2021-2027. Na méideanna sin de chuid an chúlchiste géarchéime talmhaíochta nár úsáideadh le linn na bliana airgeadais 2020, tabharfar anonn iad go dtí an bhliain airgeadais 2021 chun an cúlchiste a bhunú (déanfar na blianta a shioncronú go beacht le hidirthréimhse CBT). I dtaca le leithreasuithe nár gealladh de chuid an chúlchiste talmhaíochta, tabharfar anonn iad chun an cúlchiste talmhaíochta a mhaoiniú. I gcás ina n-úsáidfear an cúlchiste, athlíonfar é trí úsáid a bhaint as ioncam atá ann cheana agus a sannadh do CERT, as corrlaigh atá ar fáil faoi fho-uasteorainn CERT nó, mar rogha dheireanach, tríd an sásra smachta airgeadais.

92. Coinneofar an sásra smachta airgeadais chun a áirithiú go n-urramófar fo-uasteorainn CERT.

**Solúbthacht idir colúin**

93. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh an méid seo a leanas a chur ar fáil mar thacaíocht bhreise:

- do bhearta faoi chlársceidealú forbartha tuaithe arna maoiniú faoi CETFT do na blianta airgeadais 2022-2027, suas le 25 % dá n-uasteorainneacha náisiúnta bliantúla arna leagan amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha, ach a n-asbhaintear as sin na leithdháiltí le haghaidh cadáis arna leagan amach in Iarscríbhinn VI do na blianta féilire 2021 go 2026. Dá bhrí sin, ní bheidh an méid comhfhreagrach ar fáil a thuilleadh le híocaíochtaí díreacha a dheonú. Féadfar an tairseach a mhéadú suas le 15 phointe céatadáin ar choinníoll go n-úsáidfidh na Ballstáit an méadú comhfhreagrach le haghaidh idirghabhálacha arna maoiniú ag CETFT lena dtugtar aghaidh ar chuspóirí sonracha comhshaoil agus aeráide agus suas le 2 phointe céatadáin ar choinníoll go n-úsáidfidh na Ballstáit an méadú comhfhreagrach le haghaidh idirghabhálacha arna maoiniú ag CETFT lena dtacaítear le feirmeoirí óga;

- suas le 25 % de leithdháileadh an Bhallstáit le haghaidh CETFT sna blianta airgeadais 2022-2027 chuig leithdháileadh an Bhallstáit le haghaidh íocaíochtaí díreacha arna leagan amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha do na blianta féilire 2021 go 2026. Dá bhrí sin, ní bheidh an méid comhfhreagrach ar fáil a thuilleadh mar thacaíocht faoin bhforbairt tuaithe. Féadfar an tairseach a mhéadú go 30 % do na Ballstáit siúd a bhfuil a gcuid íocaíochtaí díreacha in aghaidh an heicteáir faoi 90 % de mheán an Aontais.

**Colún II**

*Dáileadh na tacaíochta forbartha tuaithe*

94. EUR 77 850 milliún a bheidh i leithdháileadh CETFT don tréimhse 2021-2027, agus 0.25 % de sin le húsáid do chúnamh teicniúil an Choimisiúin. I gcás Ballstáit atá ag dul i ngleic le dúshláin struchtúracha ar leith ina n-earnáil talmhaíochta nó a bhfuil mórinfheistíocht déanta acu i gcaiteachas Cholún II nó ar gá dóibh méideanna níos airde a aistriú chuig Colún I ionas go méadófar méid an chóineasaithe, laistigh den mhéid foriomlán iomlán, déanfar na leithdháiltí breise a leanas: an Bheilg (EUR 100 milliún), an Ghearmáin (EUR 650 milliún), Éire (EUR 300 milliún), an Ghréig (EUR 300 milliún), an Spáinn (EUR 500 milliún), an Fhrainc (EUR 1 600 milliún), an Chróit (EUR 100 milliún), an Iodáil (EUR 500 milliún), an Chipir (EUR 50 milliún), Málta (EUR 50 milliún), an Ostair (EUR 250 milliún), an tSlóvaic (EUR 200 milliún), an tSlóivéin (EUR 50 milliún), an Phortaingéil (EUR 300 milliún), an Fhionlainn (EUR 400 milliún).

*Réamh-mhaoiniú na forbartha tuaithe*

95. Íocfar réamh-mhaoiniú tosaigh i dtráthchodanna mar a leanas:

a) in 2021*: 1 % de mhéid na tacaíochta ó CETFT do thréimhse iomlán an Phlean Straitéisigh faoi CBT;

b) in 2022*: 1 % de mhéid na tacaíochta ó CETFT do thréimhse iomlán an Phlean Straitéisigh faoi CBT;

c) in 2023*: 1 % de mhéid na tacaíochta ó CETFT do thréimhse iomlán an Phlean Straitéisigh faoi CBT.

* (Déanfar na blianta a shioncronú go beacht le hidirthréimhse CBT).

*Rátaí cómhaoinithe don tacaíocht forbartha tuaithe*

96. Is é seo a leanas an t-uasráta ranníocaíochta ó CETFT, a bheidh le bunú sna Pleananna Straitéiseacha faoi CBT:

    a) 80 % den chaiteachas poiblí incháilithe sna réigiúin is forimeallaí agus sna hoileáin Aeigéacha is lú de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 229/2013;

    b) 85 % den chaiteachas poiblí incháilithe sna réigiúin lagfhorbartha;

    c) 60 % den chaiteachas poiblí incháilithe sna réigiúin trasdula;

    d) 65 % den chaiteachas incháilithe le haghaidh íocaíochtaí i leith srianta nádúrtha nó srianta limistéar-shonracha eile;

    e) 43 % den chaiteachas poiblí incháilithe sna réigiúin eile.

    Is é 20 % an t-íosráta ranníocaíochta ó CETFT a bheidh i gceist. Beidh feidhm ag ráta cómhaoinithe is airde, 80 %, maidir le gealltanais chomhshaoil agus aeráide agus gealltanais bhainistíochta eile; maidir le míbhuntáistí limistéar-shonracha a thagann as ceanglais éigeantacha áirithe; maidir le hinfheistíochtaí neamhtháirgiúla; maidir le tacaíocht don Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuálaíocht agus LEADER. Bíonn feidhm ag cómhaoiniú 100 % maidir le cistí a aistrítear chuig CETFT.

*Rialacha maidir le saoradh*

97. Saorfaidh an Coimisiún go huathoibríoch aon chuid de ghealltanas buiséadach d'idirghabhálacha forbartha tuaithe i bPlean Straitéiseach faoi CBT nár úsáideadh, mar réamh-mhaoiniú nó chun íocaíochtaí eatramhacha a dhéanamh maidir le caiteachas arna dhéanamh, faoin 31 Nollaig an dara bliain tar éis bhliain an ghealltanais bhuiséadaigh.

o

o o

98. Tabharfar tacaíocht faoin gCeannteideal seo freisin don Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus díreofar maoiniú chuig an gComhbheartas Iascaigh (CBI), beartas muirí an Aontais agus gealltanais idirnáisiúnta an Aontais i réimse an rialachais aigéan, go háirithe i gcomhthéacs Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe. Tacóidh sé, dá bhrí sin, leis an iascach agus an dobharshaothrú inbhuanaithe agus le caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara, chomh maith le tacú s leis na pobail áitiúla sin a bhíonn ag brath air sin.

99. Tabharfar tuilleadh maoinithe faoin gCeannteideal don chlár comhshaoil agus gníomhaithe ar son na haeráide, LIFE, lena gcuirfear tacaíocht bhreise ar fáil do chaomhnú na bithéagsúlachta, lena n-áirítear Natura 2000, agus claochlú an Aontais ina shochaí ghlan, chiorclach, fhuinneamhéifeachtúil, ísealcharbóin, aeráid-díonach.

100. Chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha a thiocfaidh as aeráidneodracht san Aontas a bhaint amach faoi 2050, cruthófar Sásra um Aistriú Cóir, lena n-áirítear Ciste um Aistriú Cóir. EUR 7 500 milliún atá sa leithdháileadh don Chiste um Aistriú Cóir don tréimhse 2021-2027. Beidh an eochair dháilte don Chiste um Aistriú Cóir i gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún, lena n-áirítear uasmhéid agus laghdú comhréireach ar an déine chabhrach íosta. Beidh an rochtain ar an gCiste um Aistriú Cóir teoranta do 50 % den leithdháileadh náisiúnta i gcás na mBallstát nár thug gealltanas fós maidir le cuspóir náisiúnta aeráidneodracht san Aontas a bhaint amach faoi 2050, i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras, agus cuirfear an 50 % eile ar fáil ach a nglacfar leis an ngealltanas sin.

**CEANNTEIDEAL 4 – IMIRCE AGUS BAINISTIÚ TEORAINNEACHA**

101. Faoin gCeannteideal seo, maoinítear bearta a bhaineann le teorainneacha seachtracha a bhainistiú, le himirce agus le tearmann, rud a chuidíonn ar an gcaoi sin le clár oibre na Bratasláive agus na Róimhe a chur i gcrích. Tugann gníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais breisluach suntasach don Aontas toisc gur réamhriachtanas é rialú éifeachtach ar theorainneacha seachtracha chun a áirithiú go ndéanfar an imirce a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtúla, agus go mbeidh ardleibhéal slándála inmheánaí ann, agus prionsabal shaorghluaiseacht daoine agus earraí laistigh den Aontas á chosaint ag an am céanna. Cabhróidh na cláir faoin gCeannteideal seo leis an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit cur chuige cuimsitheach a bhaint amach i leith na himirce ar bhealach éifeachtach.

102. Ní rachaidh na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh an Cheannteidil seo thar EUR 22 671 mhilliún:

| IMIRCE AGUS BAINISTIÚ TEORAINNEACHA<br>(Milliúin euro, praghsanna 2018) | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
| 2 324 | 2 811 | 3 164 | 3 282 | 3 672 | 3 682 | 3 736 |

**An imirce**

103. Tacóidh an Ciste Tearmainn agus Imirce leis an obair a dhéanann na Ballstáit chun glacadh le hiarrthóirí tearmainn agus chun bearta lánpháirtithe a chur ar fáil dóibh. Tacóidh sé freisin le comhbheartas tearmainn agus imirce a fhorbairt agus éascóidh sé bainistiú éifeachtach na himirce seachtraí, lena n-áirítear fillteacha agus comhar treisithe le tríú tíortha, go háirithe iad siúd atá i dteorainn leis an Aontas nó gar do theorainneacha an Aontais. Áiritheofar sineirgí leis an mbeartas comhtháthaithe, lena dtugtar tacaíocht don lánpháirtiú socheacnamaíoch, agus leis an mbeartas seachtrach, lena dtugtar aghaidh ar an ngné sheachtrach, lena n-áirítear bunchúiseanna na himirce, agus trí chomhar le tríú tíortha maidir le bainistiú imirce agus slándáil.

104. EUR 8 705 mhilliún atá sa leithdháileadh don Chiste Tearmainn agus Imirce don tréimhse 2021-2027, agus úsáidfear é mar a leanas:

a) leithdháilfear EUR 5 523 mhilliún ar na cláir náisiúnta a chuirfear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte;

b) leithdháilfear EUR 3 182 mhilliún ar an tsaoráid théamach.

Áirítear leis an tsaoráid théamach comhpháirt thiomnaithe shuntasach le haghaidh gníomhaíochtaí atá saincheaptha chun aghaidh a thabhairt ar an imirce sheachtrach.

Beidh leithdháiltí ar na Ballstáit bunaithe ar chritéir oibiachtúla atá nasctha le tearmann, le himirce dhleathach agus le lánpháirtiú agus le himirce neamhrialta a chomhrac lena n-áirítear fillteacha agus déanfar iad a nuashonrú in 2024 agus éifeacht acu ó 2025 ar aghaidh, bunaithe ar na sonraí staidrimh is déanaí atá ar fáil.

**Bainistiú Teorainneacha**

105. Cuirfidh an Ciste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha tacaíocht ar fáil le go mbeidh freagracht chomhroinnte ann chun na teorainneacha seachtracha a dhaingniú agus, ag an am céanna, saorghluaiseacht daoine laistigh den Aontas a chosaint, agus éascóidh sé trádáil dhlisteanach, rud a chuirfidh le haontas custaim atá slán agus éifeachtúil. Áiritheofar sineirge le hionstraimí beartais sheachtraigh chun cuidiú le cosaint teorainneacha agus bainistiú imirce seachtraí trí chomhar le tríú tíortha.

106. I bhfianaise na riachtanas speisialta atá ag na Ballstáit sin ina ndearnadh an líon is airde iarratais ar thearmann *per capita* in 2018 agus 2019, is iomchuí na méideanna socraithe don Chipir, Málta agus an Ghréig a mhéadú go EUR 25 mhilliún sa Chiste Tearmainn agus Imirce agus go EUR 25 mhilliún sa Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha.

107. EUR 5 505 mhilliún atá sa leithdháileadh don Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha don tréimhse 2021-2027, agus úsáidfear é mar a leanas:

a) EUR 893 mhilliún don ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim;

b) EUR 4 612 mhilliún don ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do bhainistiú teorainneacha agus do víosaí, lena n-áirítear:

- EUR 3 228 milliún a leithdháilfear ar chláir náisiúnta faoi bhainistíocht chomhroinnte, as a leithdháilfear EUR 189 milliún le haghaidh na Scéime Idirthurais Speisialta;
- leithdháilfear EUR 1 384 mhilliún ar an tsaoráid théamach.

Áirítear leis an tsaoráid théamach comhpháirt thiomnaithe shuntasach le haghaidh gníomhaíochtaí atá saincheaptha chun aghaidh a thabhairt ar an imirce sheachtrach.

Beidh na leithdháiltí ar na Ballstáit faoi (b) bunaithe ar chritéir oibiachtúla atá nasctha le teorainneacha seachtracha talún, teorainneacha seachtracha farraige, aerfoirt agus oifigí consalacha agus déanfar iad a nuashonrú in 2024 agus éifeacht acu ó 2025 ar aghaidh, bunaithe ar na sonraí staidrimh is déanaí atá ar fáil do na critéir sin.

108. Déanfar na bearta sin a chomhlánú leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), ar gníomhaireacht atreisithe í, dá ngabhfaidh imchlúdach iomlán EUR 5 148 milliún, agus le méadú ar na ranníocaíochtaí comhchineáil ó na Ballstáit chun tacú leis na Ballstáit túslíne.

## CEANNTEIDEAL 5 – SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

109. Is éard atá i ngníomhaíochtaí faoin gCeannteideal seo cláir atá dírithe ar shlándáil agus cosaint ina bhfuil breisluach ard ag baint le comhar ar leibhéal an Aontais, lena léirítear an t-athrú atá tagtha ar an staid gheopholaitiúil agus tosaíochtaí polaitiúla nua an Aontais. Áirítear leis sin gníomhaíochtaí i ndáil le slándáil inmheánach, freagairt ar ghéarchéimeanna agus díchoimisiúnú núicléach, mar aon le gníomhaíochtaí i réimse na cosanta.

110. Ní rachaidh leibhéal na ngealltanas le haghaidh an Cheannteidil seo thar EUR 13 185 mhilliún:

| CEANNTEIDEAL 5 – SLÁNDÁIL AGUS COSAINT<br>(Milliúin euro, praghsanna 2018) | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
| 1 700 | 1 725 | 1 737 | 1 754 | 1 928 | 2 078 | 2 263 |

**Slándáil**

111. Le maoiniú faoin gCeannteideal seo, tacófar leis an gCiste Slándála Inmheánaí, a chuideoidh le hardleibhéal slándála a áirithiú san Aontas go háirithe tríd an sceimhlitheoireacht agus an radacú, an choireacht thromchúiseach agus eagraithe agus an chibearchoireacht a chosc agus a chomhrac agus trí chúnamh agus cosaint a thabhairt d'íospartaigh na coireachta. Tabharfar maoiniú freisin do ghníomhaíochtaí atá dírithe ar bhainistiú na himirce seachtraí maidir leis an imirce neamhdhleathach agus an gháinneáil ar dhaoine a chomhrac.

112. EUR 1 705 mhilliún atá sa leithdháileadh don Chiste Slándála Inmheánaí don tréimhse 2021-2027, agus úsáidfear é mar a leanas:

a) leithdháilfear EUR 1 194 mhilliún ar na cláir náisiúnta a chuirfear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte;

b) leithdháilfear EUR 511 mhilliún ar an tsaoráid théamach.

Áirítear leis an tsaoráid théamach comhpháirt thiomnaithe shuntasach le haghaidh gníomhaíochtaí atá saincheaptha chun aghaidh a thabhairt ar an imirce sheachtrach.

113. Chun tacú leis an tsábháilteacht núicléach san Eoraip, tabharfar tacaíocht shonrach do dhíchoimisiúnú na stáisiún núicléach seo a leanas:

- EUR 490 milliún do Ignalina sa Liotuáin don tréimhse 2021-2027 le ráta ranníocaíochta 86 % ón Aontas;
- EUR 50 milliún do Bohunice sa tSlóvaic don tréimhse 2021-2025 le huasráta ranníocaíochta 50 % ón Aontas;
- EUR 57 milliún do Kozloduy sa Bhulgáir don tréimhse 2021-2027 le huasráta ranníocaíochta 50 % ón Aontas.

Ina theannta sin, cuirfear EUR 448 milliún ar fáil le haghaidh na sábháilteachta núicléiche agus chun suiteálacha an Aontais féin a dhíchoimisiúnú.

114. Beidh an méid a bheidh ann do Europol 10 % níos airde, ar a laghad, ná leibhéal 2020 i dtéarmaí réadacha.

**Cosaint**

115. Áireofar freisin le maoiniú faoin gCeannteideal seo ranníocaíocht airgeadais EUR 7 014 mhilliún le haghaidh an Chiste Eorpaigh Cosanta (EDF) a bheidh dírithe ar iomaíochas, éifeachtúlacht agus acmhainneacht nuálaíochta bhonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí a chothú, lena dtacaítear le gníomhaíochtaí comhoibríocha agus le comhar trasteorann ar fud an Aontais ag gach céim de thimthriall tionsclaíoch na dtáirgí agus na dteicneolaíochtaí cosanta. Le dearadh an chláir, áiritheofar rannpháirtíocht na dtionscal cosanta de gach méid, lena n-áirítear FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe, ar fud an Aontais agus, ar an gcaoi sin, déanfar an soláthar cosanta agus slabhraí luacha a neartú agus a fheabhsú. Cuideoidh sé le neamhspleáchas straitéiseach an Aontais Eorpaigh agus leis an gcumas oibriú le comhpháirtithe straitéiseacha agus tacóidh sé le tionscadail atá comhchuí le tosaíochtaí maidir le cumas cosanta arna gcomhaontú go comhchoiteann ag na Ballstáit, lena n-áirítear faoi chuimsiú an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála agus go háirithe i gcomhthéacs an Phlean Forbraíochta um Chumas.

116. Déanfar ranníocaíocht EUR 1 500 milliún leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa chun gréasáin TEN-T a oiriúnú do riachtanais soghluaisteachta míleata.

**CEANNTEIDEAL 6 – AN CHOMHARSANACHT AGUS AN DOMHAN**

117. Leis an gCeannteideal seo maoinítear gníomhaíocht sheachtrach agus cúnamh an Aontais do thíortha atá i mbun ullmhúcháin d'aontachas leis an Aontas. Trí chomhordú níos láidre a bheith ann idir beartais sheachtracha agus inmheánacha, áiritheofar go gcuirfear chun feidhme i gceart Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide, Straitéis Dhomhanda an Aontais, an Comhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt, Beartas Comharsanachta na hEorpa, mar aon le gné sheachtrach na himirce, lena n-áirítear an creat comhpháirtíochta le tríú tíortha i dtaca leis an imirce. Le beartas seachtrach nuachóirithe léireofar breisluach an Aontais trí éifeachtacht agus infheictheacht a mhéadú agus feabhas a chur ar chumas an Aontais a chuid spriocanna agus luachanna a shaothrú ar an leibhéal domhanda, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit.

118. Déanfar caiteachas don Afraic Fho-Shahárach, do Mhuir Chairib agus don Aigéan Ciúin, a mhaoinítear faoi láthair tríd an gCiste Eorpach Forbraíochta reatha, a lánpháirtiú sa Cheannteideal seo.

119. Ní rachaidh na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh an Cheannteidil seo thar EUR 98 419 milliún:

| AN CHOMHARSANACHT AGUS AN DOMHAN (Milliúin euro, praghsanna 2018) | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
| 15 309 | 15 522 | 14 789 | 14 056 | 13 323 | 12 592 | 12 828 |

**Gníomhaíocht sheachtrach**

120. Chun comhleanúnachas, trédhearcacht, solúbthacht agus éifeachtacht chomhar seachtrach an Aontais a mhéadú, déanfar formhór na n-ionstraimí atá ann cheana a chumasc in Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta a mbeidh imchlúdach iomlán airgeadais EUR 70 800 milliún aici, lena n-áirítear:

 i. Cláir gheografacha: EUR 53 805 mhilliún, as a dtiocfaidh, ar a laghad, EUR 17 217 milliún le haghaidh na Comharsanachta, agus cothromaíocht gheografach leordhóthanach á coimeád ag an am céanna, agus EUR 26 000 milliún, ar a laghad, le haghaidh na hAfraice Fo-Shaháraí;

 ii. EUR 5 665 mhilliún le haghaidh cláir théamacha;

 iii. EUR 2 835 mhilliún le haghaidh gníomhaíochtaí mearfhreagartha;

 iv. EUR 8 495 mhilliún le haghaidh an chúlchiste um dhúshláin agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn d'fhonn aghaidh a thabhairt ar imthosca gan choinne, ar riachtanais nua nó dúshláin atá ag teacht chun cinn, amhail staideanna géarchéime agus iar-ghéarchéime nó brú imirce, nó chun tionscnaimh nó tosaíochtaí nua, idir cinn atá faoi stiúir an Aontais agus cinn idirnáisiúnta, a chur chun cinn.

121. Faoi choinníollacha atá cosúil le coinníollacha an Chiste Eorpaigh Forbraíochta reatha, agus don tréimhse 2021-2027, déanfar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochta nár úsáideadh faoin ionstraim seo a thabhairt anonn go huathoibríoch go dtí an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin agus féadfar leithreasuithe saortha a chur ar fáil arís.

122. Beidh an cistiú seachtrach faoi réir rialacha maidir le coinníollacht, lena n-áirítear chun prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta a urramú.

123. EUR 9 760 milliún a bheidh sa leithdháileadh don Ionstraim um Chabhair Dhaonnúil, lena dtabharfar cúnamh ón Aontas chun beatha daoine a tharrtháil agus a chaomhnú, fulaingt daoine a chosc agus na pobail atá thíos le tubaistí nádúrtha nó géarchéimeanna de dhéantús an duine a choimirciú.

124. Is leis an ngníomhaíocht sheachtrach freisin a mhaoineofar ranníocaíocht airgeadais EUR 2 375 mhilliún le haghaidh an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála agus EUR 444 mhilliún le haghaidh na dtíortha agus na gcríoch thar lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn.

**Cúnamh réamhaontachais**

125. EUR 12 565 mhilliún a bheidh sa leithdháileadh don Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais, lena dtacófar le tairbhithe atá ag dul i dtreo na critéir aontachais a chomhlíonadh.

**An tSaoráid Síochána Eorpach**

126. Bunófar Saoráid Síochána Eorpach mar ionstraim sheachbhuiséid chun gníomhaíochtaí i réimse na slándála agus cosanta a mhaoiniú, ar gníomhaíochtaí iad a bhféadfaidh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh ina leith, in ionad na Saoráide reatha um Shíocháin san Afraic agus in ionad shásra Athena. EUR 5 000 milliún an uasteorainn airgeadais don tSaoráid don tréimhse 2021-2027 agus maoineofar í mar mhír sheachbhuiséid lasmuigh de CAI trí ranníocaíochtaí ó na Ballstáit bunaithe ar eochair dháilte OIN.

**CEANNTEIDEAL 7 – AN RIARACHÁN POIBLÍ EORPACH**

127. Tá ról ríthábhachtach ag Riarachán Poiblí Eorpach ardoilte, a earcaítear ar an mbonn geografach is leithne is féidir, maidir le tacú leis an Aontas chun beart a dhéanamh de réir bhriathar a thosaíochtaí agus beartais agus cláir a chur chun feidhme ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne. Ag an am céanna, ag meabhrú dóibh na hiarrachtaí athchóirithe a rinneadh roimhe seo agus na hiarrachtaí athchóirithe atá fós ar siúl, bíonn na saoránaigh Eorpacha ag súil go bhfeidhmeoidh gach riarachán poiblí agus a fhoireann sa tslí is éifeachtúla is féidir. I gcomhthéacs Aontas na 27 mBallstát, is gá na hathchóirithe sin a chomhdhlúthú ar bhonn leanúnach, agus éifeachtúlacht agus éifeachtacht an Riaracháin Phoiblí Eorpaigh a fheabhsú de shíor.

128. Na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh an Cheannteidil seo, arb é atá ann caiteachas riaracháin na n-institiúidí agus na scoileanna Eorpacha agus na bpinsean Eorpach, ní rachaidh siad thar EUR 73 102 mhilliún:

| RIARACHÁN POIBLÍ EORPACH (Milliúin euro, praghsanna 2018) | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
| 10 021 | 10 215 | 10 342 | 10 454 | 10 554 | 10 673 | 10 843 |
| ar a bhfuil: caiteachas riaracháin na n-institiúidí | | | | | | |
| 7 742 | 7 878 | 7 945 | 7 997 | 8 025 | 8 077 | 8 188 |

Socrófar na huasteorainneacha chun corrlaigh iomarcacha a sheachaint agus chun coigeartuithe ar thuarastail a bhfuiltear ag súil leo, dul chun cinn gairme, costais phinsin agus toimhdí ábhartha eile a léiriú.

129. Ba cheart, de réir an chleachtais reatha agus an chleachtais a bhí ann roimhe seo, caiteachas tacaíochta clár a bheith nasctha i gcónaí leis an gcaiteachas oibríochtúil laistigh de na himchlúdaigh clár nó an réimse beartais faoi seach. Chun trédhearcacht agus rialú a mhéadú, ba cheart faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar an gcaiteachas riaracháin agus ar an gcaiteachas tacaíochta clár ar fud na gCeannteideal go rialta agus ar shlí chuimsitheach. I gcomhthéacs Aontas na 27 mBallstát, ba cheart d'institiúidí uile an Aontais cur chuige cuimsitheach spriocdhírithe a ghlacadh chun an líon foirne a mheas agus iarrtar orthu an caiteachas riaracháin a laghdú i gcás inarbh fhéidir.

130. Ba cheart d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais maille lena riaracháin scagadh rialta foirne a dhéanamh lena n-áiritheofar barrfheabhsú na n-acmhainní foirne ar an leibhéal reatha agus ba cheart dóibh leanúint de ghnóthachain éifeachtúlachta a lorg i gcaiteachas nach mbaineann le tuarastal, lena n-áirítear trí chomhar idirinstitiúideach a dhoimhniú, amhail i réimse TF, an tsoláthair agus na bhfoirgneamh, agus trí chaiteachas nach mbaineann le tuarastal a reo.

131. Agus é á aithint go bhfuil forálacha soiléire beachta i bpacáiste athchóirithe na Rialachán Foirne 2013, beidh an tuairisciú agus an mheastóireacht is gá a dhéanamh ar an athchóiriú reatha mar bhonn d'aon athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ina dhiaidh seo ar na Rialacháin Foirne. Iarrtar ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt, ina mheastóireacht agus sna tograí a d'fhéadfadh sé a thíolacadh ina dhiaidh sin, ar shaincheisteanna amhail dul chun cinn gairme, méid agus ré na liúntas, leordhóthanacht an chórais cánach, an tobhach dlúthpháirtíochta mar aon le hinbhuanaitheacht chóras na bpinsean.

132. D'fhonn caiteachas riaracháin a rialú agus a bhainistiú a thuilleadh, d'fhéadfadh gnóthachain agus bearta éifeachtúlachta a chuirtear i bhfeidhm i riaracháin inchomparáide a bheith ina dtagarmharc.

o

o o

**Solúbthacht: Ionstraimí Speisialta Téamacha**

133. Soláthrófar solúbthacht freisin trí Ionstraimí Speisialta téamacha tiomnaithe lena gcuirtear acmhainní breise airgeadais ar fáil chun freagairt ar theagmhais shonracha gan choinne. Is é cineál na n-ionstraimí sin nach n-úsáidtear iad ach amháin i gcás inar gá sin. Ba cheart, dá bhrí sin, critéir shoiléire a shainiú lena slógadh. De mheon na haidhme foriomláine atá ann caiteachas an Aontais a chomhdhlúthú agus a chuíchóiriú, ba cheart dúbláil idir na hionstraimí sin agus le cláir chaiteachais araon a sheachaint agus tuilleadh sineirgí a fhiosrú. Na rialacha casta maidir leis na méideanna a athdháileadh idir ionstraimí agus na méideanna nár úsáideadh a thabhairt anonn go dtí na blianta ina dhiaidh sin, ba cheart iad a shimpliú agus a chomhchuibhiú.

134. Gan dochar don Ionstraim Corrlaigh Aonair, EUR 20 106 mhilliún a bheidh in uasmhéid iomlán na nIonstraimí Speisialta do 2021-2027 lasmuigh de na huasteorainneacha, chun go mbeifear in ann aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí nua agus ar theagmhais gan choinne i bhfianaise na staide a bheidh ag athrú go tapa mar thoradh ar COVID-19, agus cuirfear EUR 5 000 milliún den méid sin ar fáil do Chúlchiste Coigeartaithe speisialta nua Brexit atá le bunú chun drochiarmhairtí a chomhrac sna Ballstáit agus sna hearnálacha is measa atá buailte. Iarrtar ar an gCoimisiún togra a thíolacadh faoi mhí na Samhna 2020.

135. An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú, ionstraim dlúthpháirtíochta agus faoisimh éigeandála lena dtugtar cúnamh aonuaire chun tacú le hoibrithe a chailleann a bpost i dteagmhais athstruchtúraithe atá nasctha leis an domhandú, lena n-áirítear iad siúd arb é an t-uathoibriú agus an digiteáil is cúis leo, ní rachaidh sé thar uasmhéid bliantúil EUR 186 mhilliún (praghsanna 2018). Déanfar na méideanna a shlógadh os cionn uasteorainneacha CAI do ghealltanais agus d'íocaíochtaí.

136. Ba cheart d'imchlúdach an Chúlchiste nua um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála (SEAR) Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE) agus an Chúlchiste um Chabhair Éigeandála (EAR) a chumhdach. Féadfar é a úsáid chun freagairt ar chásanna éigeandála a eascraíonn as tubaistí móra sna Ballstáit agus sna tíortha aontachais faoi CDAE, agus chun freagairt thapa a thabhairt ar riachtanais éigeandála shonracha laistigh den Aontas nó i dtríú tíortha ag eascairt as teagmhais nach bhféadfaí a thuar, go háirithe freagairt éigeandála agus géarchéimeanna daonnúla (an Cúlchiste um Chabhair Éigeandála). Ba cheart critéir shoiléire agus módúlachtaí soiléire a shainiú maidir le húsáid a bhaint as an gcúlchiste.

Socraítear méid bliantúil an chúlchiste ag EUR 1 200 milliún (praghsanna 2018). Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, cinneadh maidir le haistrithe lena gceadófar a shlógadh. Déanfar an cúlchiste a chur isteach i mbuiséad ginearálta an Aontais mar fhoráil. Féadfar an méid bliantúil a úsáid suas go bliain n+1. Tarraingeofar ar an méid a eascróidh ón mbliain roimhe sin ar dtús.

Déanfar na méideanna a shlógadh os cionn uasteorainneacha CAI do ghealltanais agus d'íocaíochtaí.

Faoin 1 Deireadh Fómhair gach bliain, beidh ar a laghad an ceathrú cuid den mhéid bliantúil do bhliain n fós ar fáil chun na riachtanais a thiocfaidh chun cinn go dtí deireadh na bliana sin a chumhdach. Amhail ón 1 Deireadh Fómhair, féadfar an chuid eile den mhéid a bheidh ar fáil a shlógadh le haghaidh oibríochtaí inmheánacha nó seachtracha chun na riachtanais a thiocfaidh chun cinn go dtí deireadh na bliana sin a chumhdach.

**Solúbthacht: Ionstraimí Speisialta Neamhthéamacha**

137. Cuirfear Ionstraim Corrlaigh Aonair (SMI) in ionad an Chorrlaigh Fhoriomláin le haghaidh Gealltanas (GMC), an Chorrlaigh Fhoriomláin le haghaidh Íocaíochtaí (GMP) agus an Chorrlaigh Teagmhais (CM). Leis an ionstraim sin, beifear in ann gealltanais agus/nó íocaíochtaí a úsáid trí tharraingt ar na nithe seo a leanas:

- Ar an gcéad dul síos, corrlaigh ó Cheannteideal CAI amháin nó níos mó atá fós ar fáil faoi bhun uasteorainneacha CAI ó bhlianta airgeadais roimhe sin amhail ón mbliain 2021 ar aghaidh, a bheidh le cur ar fáil sna blianta 2022-2027 agus a bheidh le fritháireamh go hiomlán in aghaidh chorrlaigh na mblianta roimhe sin faoi seach.

- Mar rogha dheireanach, i gcás nach leor na méideanna atá ar fáil de bhun na chéad fhleisce, más ann dóibh, agus sa chás sin amháin, méid breise a dhéanfar a fhritháireamh go hiomlán in aghaidh na gcorrlach do bhlianta airgeadais reatha nó do bhlianta airgeadais amach anseo. Na méideanna a dhéanfar a fhritháireamh amhlaidh, ní shlógfar iad a thuilleadh i gcomhthéacs CAI.

Cé is moite de na corrlaigh le haghaidh íocaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhleasc, féadfar méideanna a shlógadh os cionn na n-uasteorainneacha bliantúla faoi seach i ndáil le buiséad leasaitheach nó buiséad bliantúil chun go bhféadfar caiteachas sonrach gan choinne a mhaoiniú nach bhféadfaí a mhaoiniú laistigh de theorainneacha na n-uasteorainneacha atá ar fáil. I gcás na gcorrlach le haghaidh íocaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhleasc, déanfaidh an Coimisiún an uasteorainn íocaíochta do na blianta 2022-2027 a choigeartú suas le méideanna atá coibhéiseach leis an difríocht idir na híocaíochtaí a fhorghníomhaítear agus uasteorainn íocaíochta CAI na bliana n-1 mar chuid den choigeartú teicniúil bliantúil ar an gcreat airgeadais.

An méid iomlán bliantúil a shlógfar don ionstraim seo i ndáil le buiséad leasaitheach nó buiséad bliantúil, ní rachaidh sé thar 0.04 % de OIN an Aontais i ngealltanais agus 0.03 % de OIN an Aontais in íocaíochtaí, agus beidh sé comhchuí le huasteorainn na n-acmhainní dílse.

Ina theannta sin, ní rachaidh an coigeartú bliantúil aníos ar an uasteorainn íocaíochta thar na méideanna seo a leanas (i bpraghsanna 2018) do na blianta 2025-2027 i gcomparáid le bun-uasteorainn íocaíochta na mblianta ábhartha:

2025 – EUR 8 000 milliún
2026 – EUR 13 000 milliún
2027 – EUR 15 000 milliún.

138. Ionstraim neamhthéamach a bheidh san ionstraim Sholúbthachta lena gceadófar caiteachas sonrach gan choinne i ngealltanais agus in íocaíochtaí comhfhreagracha a mhaoiniú, ar caiteachas é nach bhféadfaí a mhaoiniú ar shlí eile. Socrófar uasteorainn bhliantúil na hionstraime Solúbthachta ag EUR 772 mhilliún (praghsanna 2018). Féadfar an méid bliantúil a úsáid suas go bliain n+2. Tarraingeofar ar an méid a eascróidh ó na blianta roimhe sin ar dtús, in ord aoise.

Déanfar na méideanna a shlógadh os cionn uasteorainneacha CAI do ghealltanais agus d'íocaíochtaí.

139. Ní dhéanfar aon mhaoiniú le haghaidh ionstraimí speisialta ó shaoradh.

o

o o

## III. <u>CUID II: IONCAM</u>

140. Ba cheart cuspóirí foriomlána na simplíochta, na trédhearcachta agus an chothromais, lena n-áirítear comhroinnt dualgas chothrom, a bheith mar threoir do shocruithe na n-acmhainní dílse. Méid iomlán na n-acmhainní dílse a leithdháilfear ar bhuiséad an Aontais chun leithreasuithe bliantúla faoi chomhair íocaíochtaí a chumhdach, ní rachaidh sé thar 1.40 % de shuim OINanna na mBallstát uile. Méid iomlán na leithreasuithe bliantúla faoi chomhair gealltanas, ní rachaidh sé thar 1.46 % de shuim OINanna na mBallstát uile. Déanfar cóimheas ordúil idir leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a choimeád.

141. Tiocfaidh córas nua acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm ar an gcéad lá den chéad mhí tar éis an fógra a fháil gur chuir an Ballstát deireanach bailchríoch ar na nósanna imeachta lena ghlacadh. Beidh feidhm ag eilimintí uile an chórais sin go cúlghabhálach ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh. Leanfaidh na Ballstáit ar aghaidh le formheas an Chinnidh nua maidir le hAcmhainní Dílse a luaithe is féidir, i gcomhréir lena gceanglais bhunreachtúla náisiúnta.

142. I ndáil leis an Rialachán ón gComhairle maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse a chur ar fáil agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh, iarrtar ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar thogra a thíolacadh le hathbhreithniú a dhéanamh air chun dul i ngleic leis na dúshláin i ndáil le hacmhainní dílse a chur ar fáil.

*Acmhainní dílse traidisiúnta*

143. Ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh, coimeádfaidh na Ballstáit, mar chostais bhailiúcháin, 25 % de na méideanna a bhaileoidh siad.

*Acmhainn dhílis CBL-bhunaithe*

144. Déanfar an acmhainn dhílis CBL-bhunaithe reatha a ionadú le modh malartach simplithe beachtaithe an Choimisiúin ó Eanáir 2019 agus beidh ráta aonfhoirmeach 0.3 % ann agus feidhm aige maidir le boinn CBL na mBallstát uile arna gcinneadh i gcomhréir leis an modheolaíocht bheachtaithe arna beartú ag an gCoimisiún. I gcás gach Ballstáit, ní bheidh an bonn CBL a chuirfear san áireamh chun na críche sin os cionn 50 % den Ollioncam Náisiúnta.

*Acmhainní dílse nua*

145. Sna blianta atá amach romhainn, oibreoidh an tAontas i dtreo athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras acmhainní dílse agus tabharfaidh sé isteach acmhainní dílse nua.

146. Mar chéad chéim, tabharfar acmhainn dhílis nua isteach a bheidh feidhm léi amhail ón 1 Eanáir 2021 agus a mbeidh mar chuid di sciar den ioncam ó ranníocaíocht náisiúnta arna ríomh de réir mheáchan na dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte lena mbaineann glaoráta EUR 0.80 in aghaidh an chileagraim lena ngabhfaidh sásra lena seachnófar tionchar ró-aischéimnitheach ar ranníocaíochtaí náisiúnta.

147. Mar acmhainní dílse breise, cuirfidh an Coimisiún ar aghaidh sa chéad seimeastar de 2021 tograí maidir le sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha agus maidir le tobhach digiteach d'fhonn iad a thabhairt isteach faoin 1 Eanáir 2023 ar a dhéanaí.

148. Iarrtar ar an gCoimisiún togra athbhreithnithe a chur ar aghaidh maidir le scéim trádála astaíochtaí, agus b'fhéidir é a leathnú chun an earnáil eitlíochta agus mhuirí a chumhdach.

149. Ar deireadh, oibreoidh an tAontas, le linn an chéad CAI eile, i dtreo acmhainní dílse eile a thabhairt isteach, agus d'fhéadfaí Cáin ar Idirbhearta Airgeadais a bheith mar chuid de sin.

150. Úsáidfear na fáltais ó na hacmhainní dílse nua a thabharfar isteach tar éis 2021 chun iasachtaíocht Next Generation EU a aisíoc go luath. Iarrtar ar an gCoimisiún athbhreithniú a mholadh ar CAI chuige sin in am trátha.

*Acmhainn dhílis OIN-bhunaithe*

151. Ní athrófar an tslí chun glaoráta aonfhoirmeach a chur i bhfeidhm chun ranníocaíochtaí na mBallstát don acmhainn dhílis atá ann cheana atá bunaithe ar Ollioncam Náisiúnta (OIN) a chinneadh, gan dochar do mhír 152.

*Ceartúcháin*

152. Don tréimhse 2021-2027, laghdóidh ceartúcháin chnapshuime ranníocaíocht bhliantúil OIN-bhunaithe na Danmhairge, na hÍsiltíre, na hOstaire agus na Sualainne, agus i gcomhthéacs na tacaíochta leis an téarnamh agus athléimneacht, na Gearmáine. Is mar seo a leanas a bhainfidh na Ballstáit lena mbaineann tairbhe as oll-laghdú ina ranníocaíocht bhliantúil bunaithe ar Ollioncam Náisiúnta i bpraghsanna 2020:

- An Danmhairg: EUR 377 mhilliún;
- An Ghearmáin: EUR 3 671 mhilliún;
- An Ísiltír: EUR 1 921 mhilliún;
- An Ostair: EUR 565 mhilliún;
- An tSualainn: EUR 1 069 milliún.

153. Déanfaidh na Ballstáit uile na holl-laghduithe sin a mhaoiniú i gcomhréir lena OIN.

**IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN**

## AN CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL (AE-27)

*(EUR milliúin – praghsanna reatha)*

| Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán 2021-2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1. An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha** | **20.919** | **21.288** | **21.125** | **20.984** | **21.272** | **21.847** | **22.077** | **149.512** |
| **2. Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna** | **52.786** | **55.314** | **57.627** | **60.761** | **63.387** | **66.536** | **70.283** | **426.694** |
| 2a. Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach | 48.191 | 49.739 | 51.333 | 53.077 | 54.873 | 56.725 | 58.639 | 372.577 |
| 2b. Athléimneacht agus Luachanna | 4.595 | 5.575 | 6.294 | 7.684 | 8.514 | 9.811 | 11.644 | 54.117 |
| **3. Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol** | **58.624** | **56.519** | **56.849** | **57.003** | **57.112** | **57.332** | **57.557** | **400.996** |
| Ar a bhfuil: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochta | 40.925 | 41.257 | 41.518 | 41.649 | 41.782 | 41.913 | 42.047 | 291.091 |
| **4. Imirce agus Bainistiú Teorainneacha** | **2.467** | **3.043** | **3.494** | **3.697** | **4.218** | **4.315** | **4.465** | **25.699** |
| **5. Slándáil agus Cosaint** | **1.805** | **1.868** | **1.918** | **1.976** | **2.215** | **2.435** | **2.705** | **14.922** |
| **6. An Chomharsanacht agus an Domhan** | **16.247** | **16.802** | **16.329** | **15.830** | **15.304** | **14.754** | **15.331** | **110.597** |
| **7. An Riarachán Poiblí Eorpach** | **10.635** | **11.058** | **11.419** | **11.773** | **12.124** | **12.506** | **12.959** | **82.474** |
| Ar a bhfuil: Caiteachas riaracháin na n-institiúidí | 8.216 | 8.528 | 8.772 | 9.006 | 9.219 | 9.464 | 9.786 | 62.991 |
| **IOMLÁN NA LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR GEALLTANAS** | **163.483** | **165.892** | **168.761** | **172.024** | **175.632** | **179.725** | **185.377** | **1.210.894** |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN NA LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR ÍOCAÍOCHTAÍ** | **166.140** | **167.585** | **165.542** | **168.853** | **172.230** | **175.674** | **179.187** | **1.195.211** |

| LASMUIGH DE CAI | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán 2021-2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála | 1.273 | 1.299 | 1.325 | 1.351 | 1.378 | 1.406 | 1.434 | 9.467 |
| An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú | 197 | 201 | 205 | 209 | 214 | 218 | 222 | 1.467 |
| Cúlchiste Coigeartaithe Brexit | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 5.306 |
| An Ionstraim Sholúbthachta | 819 | 836 | 852 | 869 | 887 | 905 | 923 | 6.091 |
| **IOMLÁN LASMUIGH DE CAI** | **2.290** | **2.336** | **2.383** | **2.430** | **2.479** | **2.528** | **2.579** | **22.331** |
| **IOMLÁN CAI + LASMUIGH DE CAI** | **165.773** | **168.228** | **171.144** | **174.454** | **178.111** | **182.253** | **187.956** | **1.233.225** |

**Tá an t-iomlán do Chúlchiste Coigeartaithe Brexit i bpraghsanna reatha bunaithe ar dhíbhoilsceoir 2 % agus ag glacadh leis go mbeidh an clúdach iomlán ar fáil in 2021. Beidh an méid sin gan dochar don togra dlí a thíolacfar amach anseo.*

## AN CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL (AE-27)

***(EUR milliúin – praghsanna 2018)***

| Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán 2021-2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1. An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha** | **19.712** | **19.666** | **19.133** | **18.633** | **18.518** | **18.646** | **18.473** | **132.781** |
| **2. Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna** | **49.741** | **51.101** | **52.194** | **53.954** | **55.182** | **56.787** | **58.809** | **377.768** |
| 2a. Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach | 45.411 | 45.951 | 46.493 | 47.130 | 47.770 | 48.414 | 49.066 | 330.235 |
| 2b. Athléimneacht agus Luachanna | 4.330 | 5.150 | 5.701 | 6.824 | 7.412 | 8.373 | 9.743 | 47.533 |
| **3. Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol** | **55.242** | **52.214** | **51.489** | **50.617** | **49.719** | **48.932** | **48.161** | **356.374** |
| Ar a bhfuil: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochta | 38.564 | 38.115 | 37.604 | 36.983 | 36.373 | 35.772 | 35.183 | 258.594 |
| **4. Imirce agus Bainistiú Teorainneacha** | **2.324** | **2.811** | **3.164** | **3.282** | **3.672** | **3.682** | **3.736** | **22.671** |
| **5. Slándáil agus Cosaint** | **1.700** | **1.725** | **1.737** | **1.754** | **1.928** | **2.078** | **2.263** | **13.185** |
| **6. An Chomharsanacht agus an Domhan** | **15.309** | **15.522** | **14.789** | **14.056** | **13.323** | **12.592** | **12.828** | **98.419** |
| **7. An Riarachán Poiblí Eorpach** | **10.021** | **10.215** | **10.342** | **10.454** | **10.554** | **10.673** | **10.843** | **73.102** |
| Ar a bhfuil: Caiteachas riaracháin na n-institiúidí | 7.742 | 7.878 | 7.945 | 7.997 | 8.025 | 8.077 | 8.188 | 55.852 |
| **IOMLÁN NA LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR GEALLTANAS** | **154.049** | **153.254** | **152.848** | **152.750** | **152.896** | **153.390** | **155.113** | **1.074.300** |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN NA LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR ÍOCAÍOCHTAÍ** | **156.557** | **154.822** | **149.936** | **149.936** | **149.936** | **149.936** | **149.936** | **1.061.058** |

| LASMUIGH DE CAI | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán 2021-2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála | 1.200 | 1.200 | 1.200 | 1.200 | 1.200 | 1.200 | 1.200 | 8.400 |
| An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú | 186 | 186 | 186 | 186 | 186 | 186 | 186 | 1.302 |
| Cúlchiste Coigeartaithe Brexit | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | 5.000 |
| An Ionstraim Sholúbthachta | 772 | 772 | 772 | 772 | 772 | 772 | 772 | 5.404 |
| **IOMLÁN LASMUIGH DE CAI** | **2.158** | **2.158** | **2.158** | **2.158** | **2.158** | **2.158** | **2.158** | **20.106** |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN CAI + LASMUIGH DE CAI** | **156.207** | **155.412** | **155.006** | **154.908** | **155.054** | **155.548** | **157.271** | **1.094.406** |